An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016

# Tuarascáil ar Chuimsiú Sóisialta, agus Tuarascálacha 2013 agus 2014 a gCuimsiú

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Foilsithe ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Teach Gandon,

Sráid Amiens,

Baile Átha Cliath 1

*ISBN:* 978-1-908109-32-3

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2015

Baile Átha Cliath, Éire,

Meán Fómhair 2015

# Clár na nÁbhar


## Réamhrá an Tánaiste 5

## Caibidil 1 7

Réamhrá agus Comhthéacs . . . . . . . . . . 7

An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 . . . . . 7
Tuairisciú an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta . . . . . 7
An Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú na Bochtaineachta . . . . . 8
Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara . . . . . 8
Clár Náisiúnta um Athchóiriú na hÉireann . . . . . 9
Measúnú ar Thionchar Sóisialta . . . . . 9
Taighde ar an mBochtaineacht . . . . . 10
Modh Oscailte Comhordaithe an AE um Chuimsiú Sóisialta . . . . . 11

## Caibidil 2 14

Leanaí . . . . . . . . . . 14

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 . . . . . 15
Cur chuige Iltoiseach i leith Dul i nGleic leis an mBochtaineacht . . . . . 15
Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht . . . . . 16
An Straitéis Náisiúnta i leith na hÓige . . . . . 16
Túsla: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach . . . . . 17
Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh . . . . . 17
TACTIC - Déagóirí agus Leanaí ag Caint faoi Chúram . . . . . 18
Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) . . . . . 18
Luathfhágáil Scoile . . . . . 19
SOLAS - an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna . . . . . 20
Tacaíocht Ioncaim Leanaí . . . . . 20
Scéim Cúram Leanaí i ndiaidh Am Scoile . . . . . 20
Cúram LG Saor in Aisce . . . . . 21

## Caibidil 3 22

Daoine in Aois Oibre . . . . . . . . . . 22

An Straitéis Bealaí chun Oibre . . . . . 22
Bealaí chun Oibre 2015 . . . . . 23
An Ráthaíocht don Aos Óg . . . . . 23
Tacaíocht Ioncaim . . . . . 23
Athchóiriú na hÍocaíochta Teaghlach Aontuismitheora . . . . . 24
Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016 . . . . . 24

## Caibidil 4 25

### Daoine Breacaosta . . . . . 25

Cúram Pobail . . . . . 25
Cúram LG Saor in Aisce . . . . . 26
An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach . . . . . 26
An Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí . . . . . 26
Tacaíocht Ioncaim . . . . . 27

## Caibidil 5 28

### Daoine atá faoi Mhíchumas . . . . . 28

Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas . . . . . 28
Tacaíocht Ioncaim. . . . . . 29
An Straitéis Náisiúnta Míchumais . . . . . 29

## Caibidil 6 31

### Pobail . . . . . 31

Tithíocht Shóisialta . . . . . 31
Ráiteas Beartais Easpa Dídine. . . . . . 32
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta . . . . . 32
Tithe Níos Teo – Straitéis d'Fhuinneamh Inacmhainne in Éirinn . . . . . 33
Sláinte . . . . . 33
Fóram Comhairleach Sláinte Náisiúnta Lucht Siúil FSS . . . . . 34
Éire Shláintiúil . . . . . 35
An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016 . . . . . 35
Imircigh a Chomhtháthú . . . . . 35
Straitéis Idirchultúrtha Oideachais 2010-2015. . . . . . 37
An Clár Cuimsithe Shóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) . . . . . 37
Rannpháirtíocht agus Rochtain ar na hEalaíona agus an Cultúr . . . . . 38
Seirbhísí Leabharlainne . . . . . 38

# Réamhrá ón Tánaiste



Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála seo ina sonraítear cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta do na blianta 2013 agus 2014. Tugtar cuntas sa tuairisc ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na 12 sprioc ardleibhéil i measc na gcúig chatagóir shaolré de leanaí, aois oibre, daoine breacaosta, daoine atá faoi mhíchumas agus pobail, agus déantar athbhreithniú ar na 150+ gníomh sa phlean i gcáipéis chomhlíontach ar líne.

Ábhar an-dearfach é gur baineadh amach na trí sprioc a bhain le tacaíocht ioncaim in 2013-14. In ainneoin ollbhrúnna fioscacha agus gur tháinig méadú ar an líon faighteoirí leasa, choimeád an Rialtas na rátaí íosta leasa agus choimeád an pinsean stáit luach coibhneasta de thaca ioncaim leanaí ar 33-35 faoin gcéad den ráta do dhaoine fásta. Léirítear na beartais seo i bhfeidhmíocht thréan aistrithe sóisialta chun an bhochtaineacht a laghdú, agus aistríodh nach mór an ceathrú cuid den daonra ón gcatagóir ‘i mbaol bochtaineachta’. Is ionann seo agus tionchar laghdaithe bochtaineachta 60 faoin gcéad, i gcomparáid le 50 faoin gcéad nuair a cuireadh tús leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Mar thoradh air sin, is í Éire an tír is fearr atá ag feidhmiú san AE i dtaobh na húsáide a bhaintear as aistrithe sóisialta chun an bhochtaineacht a laghdú.

Mar fhreagairt don ghéarchéim gheilleagrach, rinneadh gníomhachtú an mhargaidh shaothair a threisiú trí sheirbhís nua Intreo, agus soláthraíodh ní ba mhó áiteanna oiliúna agus oideachais i gcomhthráth do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach faoi Bealaí chun Oibre. Anuas air sin, seoladh plean gníomhaíochta na Ráthaíochta don Aos Óg in 2014, a chabhraíonn le daoine óga nach bhfuil fostaithe ná ag tabhairt faoi oideachas nó oiliúint.

D’fhorbair an Roinn Coimirce Sóisialaí dhá ionstraim nua bheartais chun cur i bhfeidhm na sprice náisiúnta sóisialta le haghaidh laghdú na bochtaineachta a threisiú. Is é an chéad cheann díobh seo an Monatóir um Chuimsiú Sóisialta, a bhfuil de chuspóir aige nuashonruithe rialta, tráthúla agus inrochtana a sholáthar ar phríomhtháscairí náisiúnta agus AE i leith na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta. Measúnú ar Thionchar Sóisialta atá sa dara ceanna, ar modheolaíocht fhianaisebhunaithe é a dhéanann meastachán ar thionchar dóchúil tograí beartais ar ioncam agus grúpaí sóisialta. Bhain tábhacht ar leith le measúnú ar thionchar sóisialta chun eolas a sholáthar do leas an rialtais agus do bheartais chánach i rith Chlár na Triúrachta, a bhfuilimid buíoch go bhfuil deireadh curtha leis.

Tháinig fairsingiú ar ghné na hEorpa den chomhrac i leith na bochtaineachta in 2013-14. Faoi Uachtaránacht na hÉireann, seoladh Pacáiste Infheistíochta Sóisialta an AE, ina leagtar amach treoir shoiléir beartais chun córais choimirce sóisialta a nuachóiriú. Ina theannta sin, comhaontaíodh go dtabharfadh an chéad bhabhta eile de Chiste Sóisialta na hEorpa tús áite d'infheistíocht i mbearta chun an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac, agus go dtabharfaí Ciste nua um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí de chuid an AE (FEAD) isteach.

Lean rannpháirtíocht páirtithe leasmhara bheith mar phríomhthéama bheartas an rialtais chun an bhochtaineacht a chomhrac. Tugadh an Fóram bliantúil um Chuimsiú Sóisialta anonn go tús na bliana chun tionchar níos fearr a imirt ar fhorbairt beartais, an Seimeastar Eorpach san áireamh. Sa mhullach air sin, rinneadh ionadaíocht do pháirtithe leasmhara na hÉireann ag Coinbhinsiún bliantúil an Chláir Oibre Eorpaí i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta agus ag athbhreithnithe piaraí an AE.

In ainneoin na n-éachtaí seo, bhí an dul chun cinn a rinneadh ar an sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú na bochtaineachta ní ba mhoille ná mar b'inmhianaithe. Is soiléir gurb an-éagsúil atá na dúshláin maidir leis an mbochtaineacht a chomhrac anois ón tráth a seoladh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta in 2007. Anuas air sin, forbraíodh go leor tionscnamh nach léirítear sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Áirítear leis seo an sprioc nua um bochtaineacht leanaí, a bhfuil de chuspóir aige ar a laghad 70,000 leanbh a aistriú ó bhochtaineacht sheasta, bunaithe ar ráta bonnlíne 2011.

Ar na cúiseanna seo, rinne mé an cinneadh chun na spriocanna ardleibhéil a chuimsítear sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta a nuashonrú agus chun síneadh bliain amháin a chur le saolré an phlean seo, go dtí 2017. Beidh seo i gcomhthráth leis an amfhráma chun tuairisciú a dhéanamh ar an sprioc eatramhach náisiúnta shóisialta le haghaidh laghdú na bochtaineachta (chun an bhochtaineacht sheasta a laghdú anuas go dtí 4 faoin gcéad). Ina theannta sin, tá cur chuige iltoiseach á chur i bhfeidhm ag ranna an Rialtais chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí mar chuid de *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile ('Better Outcomes, Better Futures'),* an creat beartais náisiúnta le haghaidh leanaí agus daoine óga.

Cé go bhfuil borradh geilleagrach agus fostaíochta á athbhunú ag beartais Rialtais, ní léirítear an téarnamh go fóill i gcaighdeáin mhaireachtála an teaghlaigh. Tá an Rialtas tiomanta do mhargadh nua a sholáthar ar chaighdeáin mhaireachtála lena chinntiú go dtugann teaghlaigh oibre ísealioncaim agus meánioncaim an téarnamh geilleagrach faoi deara. Cheana féin, rinne Buiséad 2015 an tacaíocht a mhéadú le teaghlaigh a bhfuil leanaí á dtógáil aníos acu, chabhraigh sé le teaghlaigh dhífhostaithe chun filleadh ar an obair agus chuir sé feabhas ar shuíomh airgeadais faighteoirí leochaileacha leasa, iad siúd a chónaíonn leo féin san áireamh. Chomh maith leis sin, sholáthair sé infheistíocht mhór i dtithíocht shóisialta. Tá sé ar intinn agam go leanfaidh beartais Rialtais le feabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála ar bhealach a thugtar faoi deara i saol laethúil daoine, teaghlach agus pobail ar fud na tíre.

Joan Burton, TD.
An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí

# Caibidil 1

## Réamhrá agus Comhthéacs

### An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016

Tá an Tuarascáil ar Chuimsiú Sóisialta seo mar chuid de na meicníochtaí monatóireachta agus tuairiscithe dá bhforáiltear sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Cuimsíonn an tuarascáil an tréimhse ó Eanáir 2013 go Nollaig 2014. Rinne an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta (SID) den Roinn Coimirce Sóisialaí ullmhú agus cur le chéile na tuarascála, le tacaíocht ó na Ranna ábhartha Rialtais a sholáthair ábhar na tuarascála. Seo an cúigiú tuarascáil, agus chuimsigh na ceithre cinn roimhe seo na tréimhsí 2007, 2008, 2009-2010 agus 2011-2012 faoi seach. Féach: www.socialinclusion.ie

Sainaithnítear sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta réimse leathan gníomhartha agus idirghabhála chun cuspóir foriomlán laghdaithe bochtaineachta seasta a bhaint amach. Déanann an plean tosaíocht de 12 sprioc ardleibhéil maidir le leanaí, daoine in aois oibre, daoine breacaosta, daoine atá faoi mhíchumas agus pobail. Aithníonn sé a mhéid le 150 gníomh ar fud Ranna agus na nGníomhaireachtaí a bhfuil sainchúram sóisialta acu, mar chuid de chur chuige straitéiseach chun tionchar cinntitheach a imirt ar an mbochtaineacht i rith na tréimhse a fhad le 2016.

### Tuairisciú an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta

Cuirfear **an Tuarascáil ar Chuimsiú Sóisialta 2013 agus 2014** de spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta agus tábla ar leith ina léirítear dul chun cinn ar ghníomhartha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta ar fáil do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne ar www.socialinclusion.ie agus ar www.welfare.ie. Agus an tuarascáil seo á hullmhú, rinne an SID comhairliúchán fairsing leis na Ranna Rialtais eile atá freagrach as an gclár gníomhartha a sholáthar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta. Rinne comhordaitheoirí/daoine idirchaidrimh, a oibríonn i ngach roinn, idirchaidreamh le foireann an SID agus chabhraigh siad leo chun ábhar a chur le chéile. Sheol na Ranna nuashonruithe ar aghaidh ar dhul chun cinn, na príomhfhorbairtí agus ar ábhar eile.

Tugadh faoi athbhreithniú ar ghníomhartha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta in 2015 mar chuid den tuarascáil bhliantúil seo lena n-ábharthacht leantach a dheimhniú. Thug an t-athbhreithniú le fios gur críochnaíodh cuid díobh nó gur ghabh cúinsí nó athruithe a tháinig ar bheartas ina n-ionad agus gur theastaigh nuashonrú uathu. Sna cásanna siúd, dréachtaíodh an téacs cuí chun cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nua nó comhchosúla, a scaipeadh ar ranna páirtithe leasmhara go ndéanfaidís breithniú/faomhadh orthu.

## An Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú na Bochtaineachta

In 2012, rinne an Rialtas athbhreithniú agus feabhas a chur ar an sprioc náisiúnta bhochtaineachta a leagadh amach i dtosach báire in 2007 faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta. Rinne an sprioc a athainmniú mar 'An Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú na Bochtaineachta' (NSTPR) agus tá na codanna a leanas inti:

- Is é an phríomhsprioc leasaithe ná chun an bhochtaineacht sheasta a laghdú faoi 4 faoin gcéad faoi 2016 (sprioc eatramhach) agus anuas go dtí 2 faoin gcéad nó níos lú faoi 2020, ó ráta bonnlíne 2010 6.3 faoin gcéad.
- Tá an sprioc bhochtaineacht a bhaineann go sonrach le leanaí le 70,000 leanbh, ar a laghad, a aistriú ón mbochtaineacht sheasta, bunaithe ar ráta bonnlíne 2011 107,000, faoi 2020.
- Is é rannchuidiú na hÉireann le sprioc bhochtaineachta 2020 na hEorpa chun ar a a laghad 200,000 duine a aistriú ón gcomhbhochtaineacht (an bhochtaineacht sheasta + daoine atá i mbaol bochtaineachta + díothú bunúsach) idir 2010 agus 2020.

Tugtar cuntas sa Mhonatóir um Chuimsiú Sóisialta ar dhul chun cinn i dtreo na sprice náisiúnta um laghdú na bochtaineachta trí nuashonruithe rialta, tráthúla agus inrochtana a sholáthar ar phríomhtháscairí náisiúnta agus AE i leith na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta. Ullmhaíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí an Monatóir, bunaithe ar Shuirbhé bliantúil na Príomh-Oifige Staidrimh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC), mar aon le sonraí comparáideacha AE a sholáthraíonn Eurostat.

Baineann an t-eagrán is déanaí den Mhonatóir le 2013. Tugtar faoi deara ann gur tháinig laghdú ar an ráta i mbaol bochtaineachta den chéad uair i dtrí bliana, anuas go dtí 15%. Ba í an phríomhchúis a raibh leis an laghdú feidhmíocht fheabhsaithe aistrithe sóisialta, a d'aistrigh nach mór an ceathrú cuid den daonra os cionn thairseach na bochtaineachta. Tá an tionchar is mó laghdaithe bochtaineachta ag aistrithe sóisialta san AE in Éirinn, arb ionann iad agus 63%, atá go mór os cionn ghnáthráta 36% EU-28, tháinig méadú beag ar an mbochtaineacht sheasta aníos go dtí 8.2% mar gheall ar an méadú a tháinig ar dhíothú bunúsach. Fágann seo bearna ceithre phointe céatadáin atá le líonadh chun freastal ar an sprioc eatramhach bhochtaineachta faoi 2016.

In 2013, cuireadh 23,000 leanbh breise leis an sprioc, a thug figiúr nua 138,000. Teastaíonn anois ó sprioc na bochtaineachta leanaí go n-aistrítear 100,000 leanbh as an mbochtaineacht faoi 2020. Ní dhearnadh aon dul chun cinn i dtreo sprioc na hEorpa 2020. Féach **Monatóir um Chuimsiú Sóisialta 2013** chun teacht ar bhreis sonraí.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Tá **an Fóram um Chuimsiú Sóisialta** mar chuid de struchtúir an Rialtais chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta. Cuireadh an Fóram um Chuimsiú Sóisialta ar bun in 2013 agus in 2014 araon. Tá an t-imeacht bliantúil seo mar chuid de na struchtúir institiúide a cuireadh i bhfeidhm chun bheith mar bhonn agus taca le cur i bhfeidhm, monatóireacht agus forbairt leanúnach chlár um chuimsiú sóisialta an Rialtais. Soláthraíonn sé fóram chun comhairliúchán agus plé poiblí níos fairsinge a dhéanamh ar shaincheisteanna cuimsithe shóisialta, go háirithe do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus le heisiamh sóisialta agus na grúpaí a oibríonn leo. Anuas air sin, soláthraíonn an Fóram an deis chun idirchaidreamh a dhéanamh idir oifigigh ó Ranna Rialtais, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus daoine atá thíos leis an mbochtaineacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta. Réitítear tuarascáil chomhdhála gach bliain agus cuirtear í faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais. Féach **www.socialinclusion.ie** chun teacht ar thuarascála comhdhála.

## Clár Náisiúnta um Athchóiriú na hÉireann

Faoi Straitéis na hEorpa 2020, glacadh le sprioc AE chun an bhochtaineacht a laghdú faoi 20 milliún faoi 2020. Tá ar bhallstáit tuairisciú a dhéanamh ar an sprioc agus ar ghníomhartha gaolmhara sa Chlár Náisiúnta um Athchóiriú (NRP).

Anuas air sin, is é an NRP an mheicníocht tuairiscithe do na Moltaí a Bhaineann go Sonrach le Tír faoi leith (CSR). In 2014, fuair Éire CSR i dtaobh dul i ngleic le déine ísealoibre agus chun dul i ngleic le baol bochtaineachta leanaí trí shochair agus íocaíochtaí forlíontacha a bhaint de réir a chéile tar éis dóibh filleadh ar an bhfostaíocht.

Taispeánann teacht chun cinn na heaspa post i dteaghlaigh in Éirinn ó 2007 go 2014, agus tomhas an tSuirbhé ar Lucht Saothair á úsáid, gur tháinig méadú faoi dhó ar an gcomhréir de dhaoine fásta (idir aois 18-59 bliain) i dteaghlaigh gan poist in Éirinn aníos ó 7.9% in 2007 go 15.9% in 2012, sular tháinig laghdú uirthi anuas go dtí 13.6% in 2014. Cé go bhfuil sciar bonnlíne na leanaí i dteaghlaigh gan phoist níos airde ná mar atá sé i measc daoine fásta, tá an treocht nach mór mar an gcéanna: méadú tosaigh aníos ó 11.6% go 20.2%, agus laghdú ina dhiaidh sin anuas go dtí 17.7%. Tá na treochtaí seo i gcomhréir leis an bpatrún a bhíodh le sonrú i ndífhostaíocht i rith na géarchéime. Féach **an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2015** chun teacht ar bhreis sonraí.

## Measúnú ar Thionchar Sóisialta

Modheolaíocht fhianaisebhunaithe is ea measúnú ar thionchar sóisialta a dhéanann meastachán ar thionchar dóchúil tograí beartais ar ioncam agus neamh-chomhionannas sóisialta. Baineann tábhacht ar leith le measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí sóisialta beartais bhuiséadta d'fhonn na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ról ríthábhachtach na n-aistrithe sóisialta chun cosc a chur ar fhaighteoirí leasa agus faighteoirí eile ó dhruidim leis an mbochtaineacht.

Forbraíodh measúnú comhtháite ar thionchar sóisialta chun cur i bhfeidhm na sprice náisiúnta sóisialta um laghdú na bochtaineachta agus na fo-sprice nua um bochtaineacht leanaí a threisiú agus chun comhordú níos mó beartais a éascú sa limistéar sóisialta in 2012. Tá sé in ainm is measúnú ar thionchar sóisialta a chur i bhfeidhm ar réimse saincheisteanna beartais, i gcomhar le ranna rialtais agus páirtithe leasmhara eile.

D'fhoilsigh an Roinn Coimirce Sóisialaí measúnú ar thionchar sóisialta ar Bhuiséid 2013 agus 2014. Dheimhnigh measúnú ar thionchar sóisialta Bhuiséid 2015, den chéad uair ón ngéarchéim gheilleagrach i leith, go n-eascróidh méadú 0.7 faoin gcéad ar mheánioncaim theaghlaigh (arb ionann sin agus nach mór €6 sa tseachtain) as beartais leasa agus cháin ioncaim, tionchar na muirear uisce san áireamh. Anuas air sin, dheimhnigh sé go mbainfidh teaghlaigh ina bhfuil leanaí (teaghlaigh thuillimh agus neamhthuillimh) níos mó, go ginearálta, ná teaghlaigh gan leanaí. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an ráta i mbaol bochtaineachta cé gur tháinig méadú ar an tairseach ioncaim, a thugann le tuiscint go leanann ag éirí go han-mhaith le haistrithe sóisialta chun an bhochtaineacht a laghdú i gcónaí. Féach **Measúnú ar Thionchar Sóisialta 2015** chun teacht ar bhreis sonraí.

## Taighde ar an mBochtaineacht

Cuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí forbairt straitéisí agus taighde ar shonraí chun cinn chun eolas a sholáthar do bheartais agus do chleachtais um chuimsiú sóisialta atá i gcoinne na bochtaineachta, a éascaíonn monatóireacht fheabhsaithe a dhéanamh ar thorthaí. Cuireann taighde intí, ar nós an Monatóir um Chuimsiú Sóisialta a fhoilsiú in 2013, mar aon le staidéir a chistítear go seachtrach, leis an gcuspóir seo.

Cistíonn an Roinn clár taighde trí bliana leis an Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Shóisialta (ESRI) le haghaidh **Anailís agus Tomhas ar an mBochtaineacht agus ar Eisiamh Sóisialta (AMPSE).** Ba iad na haschuir ón gclár seo in 2013 agus 2014:

*Tuarascáil théamach: Aistrithe Sóisialta agus Laghdú na Bochtaineachta in Éirinn, 2004-2011.*
Déanann an tuarascáil seo scrúdú ar ról na n-aistrithe sóisialta in athdháileadh ioncaim agus laghdú na bochtaineachta in Éirinn. Cuimsíonn an staidéar an tréimhse ó 2004 go 2011, tráth inar thit athrú mear geilleagrach amach, a chuimsigh borradh tréan geilleagrach agus cúlú domhain araon. Soláthraítear sa tuarascáil léargais ar cén fáth ar chomhlíon aistrithe sóisialta ról ní ba mhó chun an bhochtaineacht agus díothú a laghdú in Éirinn. Déantar measúnú ar thionchar aistrithe sóisialta ar fud na ngrúpaí saolré agus na dtagarmharc éagsúil in Éirinn i leith thíortha eile EU-15. Cuireadh na torthaí i láthair ag comhdháil náisiúnta an 11 Nollaig 2013.

*Páipéar Teicniúil: Impleachtaí Comhthiomsú Ioncaim agus Cinnteoireacht Teaghlaigh chun an Bhochtaineacht agus Díothú a Thomhas*
Díríonn an páipéar teicniúil seo ar an gcroíthoimhde i ngnáth-thomhas na bochtaineachta go roinntear an t-ioncam laistigh de theaghlaigh ar mhaithe le gach duine muinteartha. Déanann an páipéar scrúdú ar ghnéithe chóras airgeadais an teaghlaigh, lena n-áirítear cén daoine muinteartha a fhaigheann an t-ioncam, a mhéid a chuirtear an t-ioncam ar aghaidh ar mhaithe le daoine muinteartha eile agus an fhreagracht atá as cinnteoireacht airgeadais. Cuireadh na torthaí i láthair ag seimineár taighde an ESRI an 24 Deireadh Fómhair 2013.

*Páipéar Teicniúil: Treochtaí le linn Strus Geilleagrach agus an Chúlaithe Eacnamaíochta Mhóir in Éirinn*
Ba é cuspóir an pháipéir theicniúil seo tomhas ar strus geilleagrach a fhorbairt, a léiríonn an t-athrú ar rathúnas geilleagrach theaghlaigh na hÉireann i gcaitheamh na tréimhse ó 2004 go 2011. Cuirtear earraí eile seachas ioncam faoi chaibidil, ar nós fiachais, costais tithíochta, agus na deacrachtaí agus an strus a bhíonn ar theaghlaigh chun leanúint orthu agus ioncaim laghdaithe theaghlaigh á bhfáil acu. Déantar scrúdú sa pháipéar ar na treochtaí struis gheilleagraigh le himeacht ama agus breithnítear conas a dháiltear an strus sin i measc grúpaí éagsúla socheacnamaíocha, go háirithe i measc aicmí ioncaim, aicmí sóisialta agus aicmí saolré (idir daoine fásta óga agus daoine fásta breacaosta). Agus amhlaidh á dhéanamh, fiosraítear cibé acu an iad tosca ‘traidisiúnta’ aicme sóisialta agus ioncaim, nó tosca ‘nua’ a bhaineann le céimeanna sa tsaolré agus rioscaí nua sóisialta i measc gach grúpa, na príomhrudaí a sheolann na patrúin struis gheilleagraigh a thugtar faoi deara. Cuireadh an páipéar seo i láthair ag seimineár an ESRI in Aibreán 2014 agus d’Fhoghrúpa Táscairí Choiste Coimirce Sóisialaí an Choimisiúin Eorpaigh i Meitheamh 2014.

In 2014, cuireadh tús le hobair chun scrúdú a dhéanamh ar na hidirthréimhsí idir easpa poist agus obair agus ar easpa poist teaghlaigh a thomhas agus leas á bhaint as tacair shonraí an SILC agus an QNHS. Tá na tuarascálacha le foilsiú in 2015.

Cistíonn an Roinn, i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, **Dámhachtainí Taighde ar Choimirce Shóisialach** chun taighde ardchaighdeáin nuálach a fhorbairt in institiúidí tríú leibhéal. In 2013, sholáthair an Roinn cistiú do staidéar taiscéalaíochta ar thionchar sóisialta an chearrbhachais in Éirinn. In 2014, cistíodh staidéar taighde chun eolas níos fearr a sholáthar do chur chuige beartais na Roinn i dtaobh tuismitheoirí aonair a ghníomhachtú. Tá an dá thuarascáil seo le foilsiú in 2015.

Anuas air sin, úsáideadh an cistiú faoin sreabhadh seo chun tacú le siompóisiam in UCC ar an mbochtaineacht a choincheapú agus a thomhas an 17 Bealtaine 2013. Caitheadh súil siar ar chothrom 25 bliana fhoilsiú thorthaí an chéid suirbhé náisiúnta ar an mbochtaineacht.

Cistíodh Ceardlann um Beartas Coimirce Sóisialaí ón 8 go dtí an 12 Meán Fómhair 2014 chun in UCD chun breithniú a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna le haghaidh beartas coimirce sóisialaí in Éirinn i ndiaidh an chúlaithe eacnamaíochta. Dhírigh sí ar fhorbairtí i gcoimirce shóisialach agus ar chórais leasa shóisialaigh i gcomhthéacs an chúlaithe eacnamaíochta agus an téarnaimh mar aon le saincheist an teaghlaigh laistigh den suíomh leasa.

Tacaíonn an Grúpa Comhairleach Teicniúil (TAG) le táscairí agus sonraí a fhorbairt chun an bhochtaineacht a thomhas agus chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus iad a léirmhíniú. Is éard atá ann ná saineolaithe i dtaighde sóisialta, staitisticí sóisialta agus beartas sóisialta ó ranna Rialtais, eagraíochtaí acadúla, gníomhaireachtaí stáit agus comhpháirtithe sóisialta. Chas an grúpa ar a chéile faoi dhó in 2013 (an 11 Márta; an 3 Iúil agus trí huaire in 2014 (an 5 Feabhra; an 14 Iúil agus an 24 Samhain).

## Modh Oscailte Comhordaithe an AE um Chuimsiú Sóisialta

Oibríonn Éire leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit an AE chun beartais ar chuimsiú sóisialta a chomhordú tríd an Modh Oscailte Comhordaithe (OMC) i limistéir an chuimsithe shóisialta, chúram sláinte agus chúraim fhadtéarmaigh agus phinsean. Is é an Coiste Coimirce Sóisialaí an príomhchomhlacht comhordaithe don obair seo. I measc roinnt gníomhaíochtaí ábhartha sa limistéar seo, tá:

### Tuarascáil Náisiúnta Shochaíoch

Cáipéis tuairiscithe beartais is ea an Tuarascáil Náisiúnta Shochaíoch (NSR) a réitíonn na Ballstáit faoin OMC sochaíoch. Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí freagrach as an NSR a chomhordú le Ranna tacaíochta eile. Is é an phríomh-mheicníocht do na Ballstáit chun tuairisciú a dhéanamh ar a ndualgais bheartais shochaíoch AE agus díríonn sé ar bheartais Rialtais a bhaineann le coimirce shóisialach, cuimsiú sóisialta, sláinte agus cúram fadtéarmach. Tá na beartais seo nasctha le agus tacaithe ag beartais níos fairsinge gheilleagracha agus na spriocanna ardleibhéil a leagtar amach sa Chlár Náisiúnta um Athchóiriú. Sonraítear san NSR is déanaí na príomhathchóirithe sna limistéir seo, go háirithe ó Mheitheamh 2014 go hAibreán 2015. Mar chuid dá ról comhordaithe, rinne an Roinn comhairliúchán le réimse fairsing páirtithe leasmhara náisiúnta.

**Coinbhinsiún Bliantúil an Chláir Oibre Eorpaí i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (Coinbhinsiún Chlár na Bochtaineachta)**
Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an Clár Oibre Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta mar cheann dá seacht bpríomhthionscnamh de chuid Straitéis na hEorpa 2020. Is é an Coinbhinsiún Bliantúil an comharba leis na Cruinnithe Comhchéime i gcoinne na Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta a bhíodh ar bun. Cuireadh an tríú agus an ceathrú coinbhinsiún, a d'eagraigh an Coimisiún, i gcomhar le hUachtaránacht an AE, ar bun sa Bhruiséil in 2013 agus in 2014 chun an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na príomhsprice um laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a phlé, athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a fógraíodh faoin gClár Oibre agus chun breithniú a dhéanamh ar mholtaí le haghaidh gníomhartha amach anseo.

In 2013 agus 2014 araon, rinne toscaireacht ina raibh réimse leathan d'ionadaithe sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an lucht léinn, ionadaithe agus oifigigh thofa phoiblí ionadaíocht d'Éirinn ag an gCoinbhinsiún Bliantúil. Is féidir teacht ar bhreis faisnéise ar Choinbhinsiún Bliantúil an Chláir Oibre Eorpaí i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta anseo:

**http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=961**

**Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach**
Ba bhuaicphointe ar leith i 2013 7ú hUachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, ar cuireadh tús léi an 1 Eanáir agus ar cuireadh deireadh léi an 30 Meitheamh. Ba iad na trí thosaíocht uileghabhálacha d'Uachtaránacht na hÉireann cobhsaíocht, borradh agus poist. Baineadh roinnt rath mór i dtaobh cuimsiú sóisialta amach, go háirithe sna limistéir a leanas:

- Glacadh le moladh ón gComhairle do na Ballstáit i dtaca le **Ráthaíocht don Aos Óg**. Spreagann an Moladh na Ballstáit chun an méid a leanas a dhéanamh: "a chinntiú go dtugtar tairiscint ardchaighdeáin fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó cúrsa oiliúna laistigh de thréimhse ceithre mhí tar éis dóibh bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh oideachas foirmiúil a fhágáil, do gach duine óg faoi aois 25 bliain;
- Bhain an Chomhairle conclúidí amach maidir leis **an bPacáiste Infheistíocht Sóisialta**, inar leagadh amach creat beartais chun spreagadh úr a thabhairt chun sprioc fhoriomlán na hEorpa 2020 a bhaint amach chun an líon daoine atá i mbaol na bochtaineachta a laghdú faoi 20 milliún agus eisiamh sóisialta a chomhrac trí bheartais a fhorbairt atá in ainm is scileanna agus cumas daoine a threisiú agus chun tacú le chun páirt iomlán a ghlacadh i bhfostaíocht agus sa saol sóisialta;
- Thit **comhdháil chomhpháirteach amach a rinne Uachtaránacht na hÉireann agus an Coimisiún Eorpach a óstáil**, chun plé a dhéanamh ar **an bPacáiste Infheistíochta Sóisialta** a bheartaítear, in Institiúid Leuven d'Éirinn san Eoraip, an Bheilg an 2 agus an 3 Bealtaine. Bhí idir chainteoirí agus rannchuiditheoirí ag an gcomhdháil ó na Ballstáit éagsúla, Parlaimint na hEorpa agus institiúidí idirnáisiúnta eile agus sholáthair siad an deis do lucht féachana os cionn 200 oifigeach AE agus rialtais, ionadaí poiblí agus eagraíocht neamhrialtasach chun plé a dhéanamh ar an bpacáiste sula mbeadh an plé polaitiúil ar bun ag an gComhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) ní ba dhéanaí i Meitheamh na bliana sin;

- Cuireadh tús le **hidirbheartaíocht ar an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí de chuid an AE (FEAD)** faoi Uachtaránacht na hÉireann agus baineadh comhaontú den chuid ba mhó amach i measc na mBallstát a d'éascaigh comhaontú deiridh faoi Uachtaránacht na Liotuáine. Tá an ciste in ainm is tacú le scéimeanna náisiúnta ina ndáiltear táirgí bia agus earraí bunúsacha tomhaltais do dhaoine gan dídean nó do leanaí orthu siúd is díothaí trí eagraíochtaí comhpháirtíochta a roghnaíonn na Ballstáit.

**Athbhreithnithe Piaraí an AE**
Príomhionstraim iad athbhreithnithe piaraí an AE san OMC sóisialta trí fhoghlaim beartais, méadú cumais agus tacaíochta le dea-chleachtas a mhalartú a chur chun cinn. In 2014, ghlac an Roinn Coimirce Sóisialaí páirt in dhá athbhreithniú piaraí AE ar ábhair a bhain leis an mbochtaineacht agus le measúnú ar thionchar sóisialta.

- D'óstáil an Bheilg athbhreithniú piaraí i lár mhí Eanáir ar Chlár Oibre na Beilge i gcoinne na Bochtaineacht agus an Eisiaimh Shóisialta de chuid AE 2020. Chas athbhreithneoirí piaraí ar a chéile sa Bhruiséil go gcloisfidís faoin gcur chuige sa Bheilg chun moltaí beartais a chur i dtoll a chéile i gcomhthéacs thosú an chúlaithe eacnamaíochta, a mhéadaigh an baol i leith na bochtaineachta ar fud na hEorpa, a chruthaigh géarghá ní ba mhó leis an ngá a bhí le gníomh chun an bhochtaineacht a chomhrac.

- D'óstáil an Ostair athbhreithniú piaraí ar shamhlacha micri-ionsamhlaithe a úsáid i measúnú ar thionchar sóisialta. Féadfaidh na samhlacha siúd bonn áisiúil fianaise a sholáthar don lucht déanta beartais, agus féadfaidh siad a chur ar chumas páirtithe leasmhara, ar nós eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun ról níos gníomhaí a ghlacadh i bhfoirmliú beartais. Tá olldul chun cinn déanta ag an Ostair trí láithreán gréasáin atá furasta le húsáid a chruthú a chuireann ar chumas aon saoránach chun an tionchar a imríonn athruithe cánach agus sochair a ríomh ar chodanna éagsúla an daonra. Roinn Éire an t-eispéireas a bhí aici le húsáid a bhaint as samhail SWITCH an ESRI chun tabhairt faoi mheasúnú ar thionchar sóisialta an Bhuiséid bhliantúil. Is féidir leat teacht ar a thuilleadh faisnéise ar na hathbhreithnithe piaraí anseo:

http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1024&langId=en&newsId=2098&furtherNews=yes

**An Coiste Coimirce Sóisialaí**
Coiste comhairleach beartais is ea an Coiste Coimirce Sóisialaí d'Airí Gnóthaí Fostaíochta agus Sóisialta sa Chomhairle um Fhostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta (EPSCO). Déanann siad monatóireacht ar choinníollacha sóisialta agus ar bheartais choimirce sóisialaí a fhorbairt ar fud Bhallstáit an AE. Anuas air sin, cuireann an SPC tuarascálacha i dtoll a chéile chun plé a dhéanamh ar choimirce shóisialach agus moltaí a bhaineann go sonrach le tír áirithe maidir le Straitéis na hEorpa 2020. Anuas air sin, forbraíonn siad táscairí sóisialta agus creataí anailíseacha AE chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo cuspóirí/spriocanna comhaontaithe agus oibreacha le Eurostat chun feabhas a chur ar staitisticí sóisialta an AE.

# Caibidil 2

## Leanaí

| Sprioc Ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta | Dul chun cinn in 2013-2014 |
|---|---|
| **Sprioc 1: Oideachas**<br>A chinntiú go soláthraítear an t-oideachas spriocthа réamhscoile do leanaí ó phobail uirbeacha bhunscoile a chuimsíonn plean gníomhaíochta Chomhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS). (Ba shoiléir gur theastaigh idirghabháil ar leith bunaithe ar DEIS ó shaorbhliain réamhscoile a thabhairt isteach do gach leanbh). | Rinneadh clár na Saorbhliana Réamhscoile sa Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE) a thabhairt isteach in Eanáir 2010. Tá páirt á glacadh ag nach mór gach seirbhís réamhscoile sa Stát (os cionn 4,300), agus tá fáil ar an gclár ag a mhéid le 68,000 leanbh, nó 95% den chohórt incháilithe aoise. |
| **Sprioc 2: Oideachas**<br>Comhréir na ndaltaí a laghdú ag a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha i mbunscoileanna atá ag freastal ar phobail atá faoi bhuntáiste. Is í an sprioc ná chun an chomhréir a ghearradh ina leath ón 27%-30% atá i gceist faoi láthair, anuas go dtí níos lú ná 15% faoi 2016. | Rinneadh feabhas suntasach a chur i gcaitheamh na tréimhse ó 2007 go 2013 ar thorthaí tástála léitheoireachta agus matamaitice i measc daltaí bunscoile i scoileanna DEIS agus tháinig laghdú anuas go dtí 10% sa bhliain 2013 ar an gcomhréir daltaí bunscoile ag a raibh deacrachtaí tromchúiseacha litearthachta. |
| **Sprioc 3: Oideachas**<br>Oibriú lena chinntiú go sáróidh comhréir an daonra idir aois 20-24 a bhfuil oideachas uachtarach dara leibhéal, nó a chomhionann, á chríochnú acu 90% faoi 2013. | Lean líon na ndaltaí a chríochnaigh an Ardteistiméireacht ag dul i méid agus chríochnaigh 90.6% d'iontrálacha 2008 an Ardteistiméireacht (2013). B'ionann an ráta críochnaithe do chohórt na bliana seo caite agus 90.1%. |
| **Sprioc 4: Tacaíocht Ioncaim**<br>Comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim leanaí a choimeád ag 33%-35% den ráta íosta d'íocaíocht leasa shóisialaigh de dhaoine fásta i gcaitheamh shaolré an phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaí ioncaim leanaí atá dírithe ar chabhrú le leanaí i dteaghlaigh ar ísealioncam. | B'ionann an caiteachas ar íocaíochtaí sochar linbh in 2014 agus beagán os cionn €1.9 billiún. Léirigh Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála na Príomh-Oifige Staidrimh 2013 gur laghdaigh aistrithe sóisialta an ráta i mbaol bochtaineachta do leanaí anuas ó 45.5% go dtí 17.9%, agus gur aistrigh sin an cheathrú cuid de na leanaí go léir as an mbochtaineacht. Coimeádadh comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim leanaí ag 33%-35% den ráta íosta d'íocaíocht leasa shóisialaigh de dhaoine fásta. |

## Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: sheol an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 (NPFCYP) an 16 Aibreán 2014. Is ionann seo agus an chéad chreat beartais náisiúnta uileghabhálach a chuimsíonn na réimsí aoise i measc leanaí agus daoine óga (0-24 bliain). Glacann sé le cur chuige rialtais iomláin agus freastalóidh sé ar líon comhstraitéisí.

Déanann an Creat an méid a leanas:
- Torthaí coiteanna a leagan amach agus a lárú.
- Measúnú ar 163 gealltanas beartais.
- Tús áite a thabhairt do phríomhspriocanna bunathraithe óna dteastaíonn gníomh.
- Bealach nuálach agus éifeachtach chun oibriú a chinntiú.

Bunaíodh Foireann um Chur i bhFeidhm chun an cur i bhfeidhm a stiúradh, a chomhordú agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Tá obair ar bun ar an bPlean um Chur i bhFeidhm a fhorbairt agus tabharfar cuntas ar sceideal gníomhartha 3 bliana a bhaineann le gealltanais faoi seach don tréimhse 2014-2016 agus deimhneofar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo in 2017.

Bunaíodh Grúpa Trasroinne Urraitheoirí chun cur i bhfeidhm a chur chun cinn agus chun fóram a sholáthar le haghaidh réiteach faidhbe. Tá an phríomhfhreagracht ar gach Urraitheoir as limistéar Toraidh Náisiúnta. Bunaíodh Cuibhreannas Beartas Ardleibhéil Leanaí agus Daoine Óga chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tras-Rialtais agus chun sin a chur chun cinn.

Luaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil gealltanas ann laistigh den Chreat Beartais Náisiúnta chun cur leis an dea-chleachtas reatha i dtaobh braisliú scoileanna le rochtain níos fearr ar thacaíochtaí oideachais a chumasú, go háirithe i measc leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, agus an cumas a fhiosrú go ndéanfar forbairt bhreise ar shocruithe braisle, chun naisc níos mó idir scoileanna, seirbhísí pobail agus Stáit, lena n-áirítear an bonneagar a chomhroinnt, a spreagadh.

## Cur chuige Iltoiseach i leith Dul i nGleic leis an mBochtaineacht

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Glacann an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 le cur chuige iltoiseach i leith dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, mar thacaíocht le sprioc na bochtaineachta leanaí. Mar chuid de *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, tá cur chuige rialtais iomláin á fhorbairt ag ranna rialtais i leith bochtaineacht leanaí mar ghníomh tosaíochta in 2015. Chun eolas a sholáthar d'fhorbairt an chuir chuige seo, cuireadh seimineár náisiúnta ar 'Infheistiú i leanaí – an córas míbhuntáiste a bhriseadh' ('Investing in children - breaking the cycle of disadvantage') ar siúl leis an gCoimisiún Eorpach agus d'fhreastail páirtithe leasmhara náisiúnta air i Samhain 2014. Anuas air sin, chuathas i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach le haghaidh Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. Áirítear leis an gcur chuige rialtais iomláin tacaíochtaí ioncaim leanaí agus theaghlaigh, seirbhísí coisc agus luath-idirghabhála do leanaí agus tuismitheoirí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, clár náisiúnta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais, plean nua um ghníomhaíocht fhisiciúil agus soláthar méadaithe béilí scoile.

## Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht

Thuairiscigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go bhfoilseofar an chéad Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, comhstraitéis den chreat beartais náisiúnta do leanaí agus daoine óga, *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, go luath in 2015. Cuimsítear sa Straitéis Rannpháirtíochta líon gealltanas ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit chun tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, agus an rannpháirtíocht sin a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear iad siúd arb annamh a gcloistear a nglór. Is é an gníomh sa straitéis don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a dtabharfar tús áite dó ná Mol Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga a bhunú, mar lárionad náisiúnta sármhaitheasa. Tacóidh an Mol le ranna Rialtais agus le heagraíochtaí eile, chomh maith, chun an straitéis a chur i bhfeidhm trí oiliúint, dea-chleachtas a léiriú agus oibriú le hinstitiúidí oideachais chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an oideachais ar chearta leanaí i measc gairmithe a oibríonn le leanaí agus daoine óga agus ar a son. Anuas air sin, déanfaidh an Mol bunachar cuimsitheach sonraí d'acmhainní agus litríocht phraiticiúil a óstáil.

Foilseofar sraith straitéisí chun tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí, trí dhea-chleachtas a sholáthar i rannpháirtíocht i gcinnteoireacht i measc leanaí agus daoine óga arb annamh a gcloistear a nglór, ar aon dul leis an Straitéis Rannpháirtíochta.

## An Straitéis Náisiúnta i leith na hÓige

Tá Straitéis Náisiúnta i leith na hÓige 2015-2020 á forbairt faoi láthair ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus críochnófar í in 2015. Comhstraitéis a bheidh sa Straitéise seo chomh maith de chuid Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020.

Leagfar amach sa Straitéis Náisiúnta i leith na hÓige 2015-2020 cuspóir agus spriocanna an Rialtais do dhaoine óga, idir 10 agus 24 bliain d'aois, d'fhonn go mbeidh siad gníomhach agus sláintiúil, go mbainfidh siad a lánchumas amach i bhfoghlaim agus i bhforbairt, go mbíonn siad sábháilte agus cosanta ó dhíobháil, go mbíonn sláine gheilleagrach agus deiseanna acu agus go mbíonn siad ceangailte lena ndomhan agus ag cur lena ndomhan. Straitéis uilíoch a bheidh inti do gach duine óg agus déanfaidh sí soláthar do riachtanais daoine óga atá thíos, nó atá i mbaol bheith thíos, leis na torthaí is measa. Sonrófar inti na gníomhartha tosaíochta atá le cur chun cinn i gcaitheamh 2015-2017 atá le soláthar ag páirtithe leasmhara ar nós ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus ag an earnáil eagraíochtaí neamhrialtasacha.

## Túsla: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

An 1 Eanáir 2014, rinneadh aonán neamhspleách dlíthiúil den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Túsla), ina bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais, mar aon le freagairt do roinnt seirbhísí síceolaíocha agus réimse seirbhísí a fhreagraíonn d'fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe. Is iad Túsla an ghníomhaireacht thiomnaithe Stáit atá freagrach as feabhas a chur ar fholláine agus ar thorthaí ar mhaithe le leanaí.

Faoin Acht um an nGníomhaireacht Leanaí agus an Teaghlach, 2013, tá freagracht ar Túsla as an méid a leanas:

- Tacú le forbairt, leas agus cosaint leanaí agus feidhmiú éifeachtach teaghlach agus iad a chur chun cinn.
- Cúram agus cosaint a chur ar fáil do leanaí faoi chúinsí nach féidir lena dtuismitheoirí amhlaidh a dhéanamh, nó nach dócha go soláthróidh siad an cúram a theastaíonn ó leanbh.
- A chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil nó gcuirtear oideachas air/uirthi, agus as seirbhísí oideachais a sholáthar chun tacú le agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil an linbh in oideachas.
- A chinntiú go dtreoraíonn sár-leas an linbh gach cinneadh a imríonn tionchar ar leanaí aonair.
- Dul i gcomhairle le leanaí agus le teaghlaigh ionas go gcabhraíonn siad le beartais agus seirbhísí na gníomhaireachta a mhúnlú.
- Comhoibriú idirghníomhaireachta a threisiú le seirbhísí gan fhadhb a chinntiú a fhreagraíonn do riachtanais.
- Tabhairt faoi thaighde a bhaineann lena bhfeidhmeanna, agus faisnéise agus comhairle a sholáthar don Aire maidir leis na feidhmeanna siúd.
- Seirbhísí a choimisiúnú a bhaineann le seirbhísí linbh agus teaghlaigh a sholáthar.

## Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh

Leagtar amach i bPlean Gnó na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach don bhliain 2014 líon tosaíochtaí maidir le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, ar nós:

- Agus aistriú iar-chláir na Gníomhaireachta Tacaíochta Teaghlaigh isteach sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach á léiriú, díreoidh an Ghníomhaireacht in 2014 ar na cláir seo a chomhtháthú laistigh den struchtúr nua. Déanfar breithniú ar ailíniú na gníomhaíochta seo mar aon leis na heagraíochtaí eile d'Earnáil an Phobail.
- Ag cur le láidreachtaí suntasacha na nIonad Acmhainní Teaghlaigh chun freastal ar shainchúram na Gníomhaireachta le haghaidh luath-idirghabháil pobail agus tacaíocht pobail. Ina leith sin, sonrófar go smior forbairt tacaíocht teaghlaigh mar straitéis choisctheach agus luath-idirghabhála agus tabharfar aird ar leith ar thabhairt isteach Chreat Soláthair na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus ailíniú Chlár an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh laistigh d'idirghabhálacha an phobail áitiúil.

## TACTIC – Déagóirí agus Leanaí ag Caint faoi Chúram (‘Teenagers and Children Talking in Care’)

I Meitheamh 2013, rinne comhaltaí Grúpa um Chur i bhFeidhm Ghlór na Leanaí atá faoi Chúram an grúpa a athainmniú mar TACTIC. D’fhorbair an grúpa sraith ábhar do leanaí agus daoine óga nuair a théann siad isteach i gcúram den chéad uair, atá dírithe ar iad a chur chun suaimhnis agus ar bhéim a leagan ar conas is féidir leo a chinntiú go gcloistear a nglóir ina gcásanna féin cúraim agus ina bpleananna cúraim. D’fhoilsigh Túsla na foinsí seo i Nollaig 2014: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios gur fhoilsigh an tIonad Taighde Oideachais (ERC) dhá thuarascáil mheasúnachta ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta: Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) in 2013.

Sa chéad tuarascáil, **“Athruithe ar Ghnóthachtáil Daltaí i mBunscoileanna Uirbeacha idir 2007 agus 2013”**, tugtar na pointí a leanas faoi deara:

- Tháinig méadú suntasach ar thorthaí tástála ar gach leibhéal gráid, áit ar tugadh faoi thástáil (Rang 2, 3, 5 agus Rang 6) ón tráth a bailíodh na sonraí bonnlíne in 2007 agus an tráth a rinneadh tástáil leantach in 2010.
- Thug na torthaí ón mbabhta is déanaí de thástáil in earrach 2013 le fios, ní hamháin gur coimeádadh na gnóthachtálacha tosaigh, ach gur cuireadh leo idir 2010 agus 2013.
- Bíonn na gnóthachtálacha le sonrú go han-soiléir i measc na ngrád sóisearach agus i scoileanna ina bhfuil ardleibhéil bhuntáiste.
- Cé gur tháinig laghdú suntasach ar ísealscórálaithe (i.e. ag an 10ú peircintíl nó faoina bun) i léitheoireacht agus sa mhatamaitic araon, coimeádadh nó méadaíodh céatadán na n-ardghnóthachtálaithe sa dá limistéar ábhair.
- Anuas air sin, tháinig laghdú ar asláithreacht daltaí anuas ó 10.8% in 2007 go dtí 7.1% in 2013

Fiosraíonn an dara tuarascáil den ERC, **“Saintréithe agus Gnóthachtálacha Daltaí a Fhreastalaíonn ar Bhunscoileanna Tuaithe DEIS”**, an difríocht idir scoileanna tuaithe agus uirbeacha DEIS.
Is airde iad rátaí gnóthachtála dalta tuaithe i scoileanna DEIS ná iad siúd de chuid a gcontraphháirtithe uirbeacha. D’fheabhsaigh daltaí tuaithe a scóir léitheoireachta agus mhatamaitice idir 2007 agus 2010. Léiríonn measúnacht ar shonraí ó thuismitheoirí daltaí cúpla difríocht idir eispéiris bhaile daltaí uirbeacha agus tuaithe ó theaghlaigh ag a bhfuil cártaí leighis. Bhí rochtain ní ba mhó ag daltaí tuaithe, áfach, ar líon ní ba mhó d’acmhainní oideachais ina mbailte, bhain a dtuismitheoirí leibhéil oideachais ní b’airde amach, rinneadh níos mó léitheoireachta leo fad a bhí siad ina leanaí réamhscoile; léigh a dtuismitheoirí leabhair ní ba mhinice ná a gcontraphháirtithe uirbeacha agus ní raibh na haithreacha as láthair i measc teaghlaigh thuaithe chomh minic céanna.

Amhail an 1 Meán Fómhair 2014, b'ionann a leanas líon na scoileanna a ghlac páirt in DEIS:

- Bunscoileanna Bhanda Uirbeach 1: 195
- Bunscoileanna Bhanda Uirbeach 2: 141
- Bunscoileanna Tuaithe: 321
- Iar-Bhunscoileanna Tuaithe: 192

Ar aon dul le taighde an ERC ar ghnóthachtáil daltaí i scoileanna DEIS, thug Cigireacht na Roinne faoi mheasúnachtaí ar phleanáil i scoileanna DEIS. Tá líon tuarascálacha ón obair mheasúnachta seo a chuimsíonn an tréimhse ó 2010 go dtí 2014 á dtabhairt chun críche go bhfoilseofar iad ag deireadh 2014.

## Luathfhágáil Scoile

Leanann an Roinn Oideachais agus Scileanna le glacadh le cur chuige leathanbhoinn i leith dul i ngleic le luathfhágáil scoile. Gnéithe lárnacha de chuid DEIS iad feabhas a chur ar fhreastal, dul chun cinn, coinneáil agus gnóthachtáil. Soláthraíodh thart ar €600 milliún in 2014 do réimse bearta cuimsithe chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Anuas air sin, tá idirghabhálacha ann a thacaíonn leis an óige agus a sholáthraíonn "oideachas athdheise" do dhaoine óga agus fásta. Cuireadh líon beart i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh chun céatadán na luathfhágóirí scoile a laghdú, ina measc:

a. An Plean Gníomhaíochta um Cuimsiú Oideachais a chur i bhfeidhm: DEIS.
b. Seirbhísí leasa oideachais a chomhtháthú faoi Túsla.
c. Straitéis náisiúnta chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht i measc leanaí agus daoine óga. Is dóchúla a fhágfaidh leanaí nach bhfoghlaimíonn conas léamh agus scríobh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh an scoil go luath agus, ar an ábhar sin, tacóidh an straitéis leis an sprioc náisiúnta um luathfhágáil scoile a bhaint amach.

Tá an **Tuarascáil ar Rátaí Coinneála** is déanaí bunaithe ar anailís ar na daltaí siúd a d'iontráil an mheánscoil in 2008, ar chríochnaigh an tromlach mór díobh a nArdteistiméireacht in 2013 nó 2014. Scrúdaigh an anailís dul chun cinn 56,075 dalta tríd an dara leibhéal.
Is iad príomhthorthaí na tuarascála:

- Lean líon na ndaltaí a chríochnaigh an Ardteistiméireacht ag dul i méid agus chríochnaigh 90.6% d'iontrálacha 2008 an Ardteistiméireacht
- B'ionann an ráta críochnaithe do chohórt na bliana seo caite agus 90.1%.
- B'ionann ráta an chríochnaithe deich mbliana ó shin (cohórt 1998) agus 83.6%.
- Leanann an ráta coinneála i measc fear i mbun feabhais agus b'ionann an bhearna inscne i measc na ndaltaí siúd a bhí ag iontráil na meánscoile agus 2.67%. Cuirtear seo i gcomparáid le difríocht 3.59% i dtaobh dhaltaí na bliana roimhe seo. I dtaobh chohórt 2008, chríochnaigh 91.93% de mhná an Ardteistiméireacht agus chríochnaigh 89.26% d'fhir an Ardteistiméireacht.
- Leanann an meánráta coinneála i measc scoileanna DEIS ag méadú agus chríochnaigh 82.1% díobh siúd a d'iontráil an mheánscoil in 2008 an Ardteistiméireacht. Mar chomparáid leis sin, b'ionann an ráta críochnaithe in 2001 agus 68.2%.

## SOLAS – an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios gur bunaíodh SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna nua an 27 Deireadh Fómhair 2013, arb é a bpríomhchuspóir chun earnáil chomhtháite bhreisoideachais agus oiliúna a fhorbairt, a chistiú agus a mhaoirsiú. D'fhoilsigh SOLAS a **Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna** an Bealtaine 2014. Tá an Straitéis eagraithe timpeall ar 5 phríomhsprioc chun scileanna a sholáthar don gheilleagar, lena n-áirítear idirchaidreamh tréan fostóirí, tacú le cuimsiú gníomhach saoránach, feabhas a chur ar conas a phleanáiltear agus a chistítear Breisoideachas agus Oiliúna (FET) agus béim thréan á leagan ar spriocdhíriú ar thorthaí agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí, chun cáilíocht an FET a ardú agus chun feabhas a chur ar shuíomh an FET mar rogha thréan san earnáil fhoriomlán oideachais agus oiliúna.

## Tacaíocht Ioncaim Leanaí

I dteannta a chéile, caitheann an Roinn Coimirce Sóisialaí thart ar €3 billiún ar thacaíocht ioncaim leanaí a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh. Léirigh Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála na Príomh-Oifige Staidrimh 2013 gur laghdaigh aistrithe sóisialta an ráta i mbaol bochtaineachta do leanaí anuas ó 45.5% go dtí 17.9%, agus gur aistrigh sin an cheathrú cuid de na leanaí go léir as an mbochtaineacht dá thoradh. Is ionann seo agus tionchar laghdaithe bochtaineachta 60.7% in 2013.

I mBuiséad 2013, laghdaíodh an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (BSCFA) anuas ó €150 go dtí €100 do leanaí idir 4 agus 11 bhliain d'aois agus anuas ó €250 go dtí €200 do leanaí idir 12 agus 17 mbliana d'aois nó idir 18 agus 22 bliain d'aois in oideachas lánaimseartha. Rinneadh é a aistarraingt i mBuiséad 2014 do leanaí os cionn 18 mbliana d'aois, seachas iad siúd atá ag freastal ar an meánscoil.

I mBuiséad 2015, a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2014, méadaíodh an ráta míosúil Sochar Linbh faoi €5, aníos ó €130 go dtí €135 ar chostas €72 milliún. Áiríodh le Buiséad 2015 bearta eile a bhain go sonrach le leanaí, ar nós €22 milliún don díbhinn nua teaghlaigh um fhilleadh ar obair agus €2 milliún sa bhreis ar chlár na mbéilí scoile.

Coimeádadh comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim leanaí ag 33%-35% den ráta íosta d'íocaíocht leasa shóisialaigh de dhaoine fásta in 2013 agus 2014.

## Scéim Cúram Leanaí i ndiaidh Am Scoile

Cuireadh an Scéim Cúram Leanaí i ndiaidh Am Scoile (ASCC), a fógraíodh i mBuiséad 2013, i bhfeidhm le cistiú €14 milliún in 2013 a leithdháileadh ó choigiltis sa Roinn Coimirce Sóisialaí. In 2014, ath-leithdháileadh an cistiú seo agus leithdháileadh €2 milliún don ASCC, leithdháileadh €7.5 milliún don chlár Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail (CEC) agus leithdháileadh €4.5 milliún do thionscnaimh feabhsaithe cáilíochta laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí athbhreithniú agus leasú leanúnach ar an scéim ASCC ó tugadh isteach í in 2013, bunaithe ar aiseolas ó gach páirtí leasmhar agus scaoileadh an uair dheireanach léi an 14 Iúil 2014. Áiríodh leis an scaoileadh seo an scéim a shíneadh chuig breis custaiméirí, rannaíocht na dtuismitheoirí a laghdú anuas go dtí €15 ar aon dul leis an gclár CEC agus rogha um bailiú a thabhairt isteach ar chostas breise ar bith don tuismitheoir.

Cuireann an scéim ASCC agus an clár CEC leis na tacaíochtaí reatha dá soláthraíonn, agus a chuireann an D/CYA i bhfeidhm san earnáil chúram leanaí. Infheistíonn an Rialtas €260 milliún gach bliain i gcúram leanaí ardchaighdeáin, inrochtana agus inacmhainne do thuismitheoirí, a théann chun sochair 100,000 leanbh a bhfuil 25,000 díobh ina dtuismitheoirí ísealioncaim. Déantar seo a sholáthar trí réimse cláir chúram leanaí do leanaí, lena n-áirítear an tsaorbhliain réamhscoile a sholáthraítear faoin gclár ECCE agus réimse tacaíochtaí a sholáthraítear do thuismitheoirí ísealioncaim (i.e. Clár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal, an Clár Tacaíochta Oideachais agus Oiliúna Cúram Leanaí, Clár an ASCC agus an CEC).

## Cúram LG Saor in Aisce

Rinne an Rialtas gealltanas chun cúram LG a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe, gan táillí laistigh dá chéad téarma oifige. Thug an Roinn Sláinte le fios gur achtaíodh an tAcht Sláinte (Seirbhísí Lia-Chleachtóirí a Sholáthar), 2014, a sholáthraíonn teidlíocht do gach leanbh faoi bhun 6 bliana d'aois do sheirbhís LG gan táillí, an 25 Iúil 2014. Cuireadh seirbhísí LG gan táillí i bhfeidhm don ghrúpa seo leanaí in Iúil 2015.

# Caibidil 3

## Daoine in Aois Oibre

| Sprioc Ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta | Dul chun cinn in 2013-2014 |
|---|---|
| **Sprioc 5: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht** Cur chuige gníomhach bainistíochta cásanna a thabhairt isteach a thacóidh le siúd atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh go fadtéarmach dul i mbun oideachais, oiliúna agus fostaíochta. Is é an sprioc ná tacú le 50,000 dá leithéid de dhaoine, tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach san áireamh, agus é mar aidhm fhoriomlán laghdú 20% a dhéanamh ar líon na ndaoine a fhaigheann a n-ioncam iomlán ó íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh faoi 2016. Déanfar athbhreithniú ar an sprioc seo i bhfianaise an eispéiris. | In 2013, d'fhreastail os cionn 130,000 duine dífhostaithe ar ghrúpsheisiúin faisnéise/ idirchaidrimh agus d'fhreastail thart ar 186,900 duine orthu in 2014, a raibh thart ar 56,000 díobh dífhostaithe go fadtéarmach. Cuireadh agallaimh threorach tosaigh duine ar dhuine ar bun le 169,000 duine, a raibh 47,000 duine díobh dífhostaithe go fadtéarmach. Cuireadh áiteanna in áirithe ar réimse de chúrsaí breisoideachais agus ardoideachais do 57,000 duine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach. |
| **Sprioc 6: Tacaíocht Ioncaim** Luach comhréireach an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choimeád ag ar a laghad €185.80, faoi mar a bhí sé in 2007, i gcaitheamh an Phlean seo, faoi réir fáil a bheith ar na hacmhainní. | I mBuiséid 2013 agus 2014, ní dhearnadh aon athruithe ar rátaí na mbuníocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh, ar coimeádadh ag €188.00 iad. Coimeádadh ráta an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh ag €186.00. |

### An Straitéis Bealaí chun Oibre

Leagtar amach sa Straitéis Bealaí chun Oibre athchóiriú cuimsitheach de chur chuige an Stáit chun cabhrú le cuardaitheoirí dífhostaithe poist chun filleadh ar obair. Cuireadh tús leis in 2012 agus tá sí in ainm is cur leis an bPlean Gnímh maidir le Poist mar chuid de chur chuige déghné i leith dul i ngleic leis an ngéarchéim phost a tháinig chun solais i mblianta deireanacha na tréimhse deich mbliana seo caite.

Tá an **Plean Gnímh maidir le Poist** dírithe ar bhorradh fostaíochta a spreagadh agus tá Bealaí chun Oibre dírithe ar a chinntiú go nglacann daoine atá ina gcuardaitheoirí poist dífhostaithe a mhéid agus is féidir de na poist nua seo, agus folúntais eile a thagann chun cinn sa gheilleagar. Ó cuireadh tús leo i dtosach in 2012, tugadh seirbhísí fostaíochta agus teidlíochta le chéile in ionaid Intreo 'ionad ilfhreastail' agus tugadh scéimeanna nua agus tacaíochtaí fostaíochta isteach, agus ní dhearnadh roinnt scéimeanna reatha a fhairsingiú.

Rinneadh claochlú ar sheirbhísí cuardaitheora poist trí Intreo:

- Cuireadh ‘conradh sóisialta’ ceart agus freagrachtaí idir cuardaitheoirí poist agus an Stát i bhfeidhm.
- Rinneadh an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET) a atheagrú go suntasach agus glacadh le straitéis nua FET cúig bliana.
- Bunaíodh Comhairle Margadh Saothair, ina bhfuil ceannasaithe tionscail agus speisialtóirí margadh saothair chun monatóireacht agus comhairle a sholáthar ar chur i bhfeidhm na Straitéise Bealaí chun Oibre.
- Tá próifíliú i bhfeidhm anois do gach cuardaitheoir poist.

Lean athchóirithe Bealaí chun Oibre, ar glacadh ní ba luaithe leo le tionchar feabhsaithe a imirt in 2014, lena n-áirítear:

- Agallaimh thosaigh treorach duine ar dhuine le cuardaitheoirí poist a mhéadú (arbh ionann líon na n-agallamh agus 169,000, ar méadú 8% é seo i gcomparáid le 2013).
- 57,000 áit FET a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.
- Seoladh Plean um Chur i bhFeidhm na Ráthaíochta don Aos Óg (YGIP), faoi Bhealaí chun Oibre, in Eanáir 2014, agus tugadh bearta isteach go céimnitheach ar fud 2014.

## Bealaí chun Oibre 2015

Seoladh é seo i lár 2014, agus cuireann sé i gcuntas ionchur ón gComhairle Margaidh Saothair agus moltaí a chuimsítear i dtuarascáil eatramhach na Comhairle. I cuspóir Bealaí chun Oibre 2015 chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh cheana féin agus, go háirithe, chun díriú níos géire ar ghníomhartha chun cabhrú dul i ngleic le heaspa post fadtéarmach agus i measc ógánach, feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht an idirchaidrimh idir Intreo agus fostóirí, agus feabhas a chur ar an toradh airgeadais do chuardaitheoirí poist dífhostaithe a bhfuil leanaí acu.

## An Ráthaíocht don Aos Óg

Leagtar amach sa Ráthaíocht don Aos Óg cuspóir meántéarmach a chinntiú go dtugtar tairiscint fostaíochta do dhaoine óga idir 18 agus 25 bliain d’aois laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh bheith dífhostaithe. Mar gheall ar chineál uilíoch na dífhostaíochta, tá formhór na ndaoine siúd atá rangaithe gan a bheith in oideachas, fostaíocht nó oiliúint cláraithe leis an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta. Is é príomhghné na ráthaíochta, ar an ábhar sin, chun cabhrú le daoine óga idir 18 agus 25 bliain d’aois chun poist inbhuanaithe a aimsiú agus a bhaint amach tríd an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta. Ina measc siúd nach n-aimsíonn fostaíocht, soláthraítear breis tairiscintí, agus is i mbreisoideachas nó oiliúint a bhíonn an chuid is mó de na tairiscintí siúd (os cionn 70%). Tá cinn eile i gcláir fostaíochta phobalbhunaithe, ar nós fostaíocht pobail, Gateway agus Tús, nó trí fhóirdheontas fostaíochta JobsPlus d’fhostaíocht phríobháideach. I rith 2014, glacadh le nach mór 25,000 áit faoin Ráthaíocht don Aos Óg.

## Tacaíocht Ioncaim

I mBuiséid 2013 agus 2014, ní dhearnadh aon athruithe ar rátaí na mbuníocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh, lena n-áirítear méaduithe do dhaoine fásta cáilithe nó do leanaí cáilithe. Coimeádadh rátaí na mbuníocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh ag €188.00. Tháinig laghdú 2.1% ar luach comhréireach na rátaí bunaithe ar fhigiúirí 2007.

Coimeádadh ráta an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh ag €186.00. Tháinig laghdú 3.1% ar luach comhréireach an ráta seo i gcomparáid le ráta 2007.

In 2013, lean aistrithe sóisialta, seachas pinsin seanaoise agus mharthanóirí ag feidhmiú go tréan chun an ráta i mbaol bochtaineachta i measc daoine in aois oibre a laghdú, agus tháinig laghdú air anuas ó 39.6 faoin gcéad go dtí 15.3 faoin gcéad i ndiaidh gach aistriú sóisialta. Is ionann seo agus tionchar laghdaithe bochtaineachta 61.4 faoin gcéad.

## Athchóiriú na hÍocaíochta Teaghlach Aontuismitheora

Thug an Roinn Coimirce Sóisialaí cuntas ar fhorbairt shuntasach in 2013 tríd an Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist a thabhairt isteach chun freagrachtaí sonracha cúraim tuismitheoirí aonair a bhfuil leanaí óga acu a chur i gcuntas. Freastalaíonn an socrú seo ar fhaighteoirí na hÍocaíochta Teaghlach Aonair (OFP) a chailleann a dteidlíocht don íocaíocht OFP, a bhfuil a leanbh is óige idir 7 agus 13 bliana d’aois, aois 13 bliana san áireamh agus a leanann bheith ina dtuismitheoir aonair.

Tá na custaiméirí seo díolmhaithe ó choinníollacha an Liúntais Cuardaitheora Poist (LCP) a cheanglaíonn orthu bheith ar fáil chun tabhairt faoi obair agus fíor-iarracht á déanamh acu chun obair a chuardach. Mar dhea, ní cheanglaítear ar aon tuismitheoir aonair a bhfuil a leanbh is óige faoi bhun 14 bliana d’aois glacadh le fostaíocht d’fhonn tacaíocht ioncaim a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Féadfaidh siad aistriú isteach san oideachas agus/nó fostaíocht, lena n-áirítear isteach go fostaíocht pháirtaimseartha (mar shampla, i rith na maidine, nuair a bhíonn a leanaí ar scoil), más mian leo amhlaidh a dhéanamh, agus íocaíocht a fháil fós féin, faoi réir tástáil mhaoine. Mar dhea, ligeann an Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist do na custaiméirí seo a bhfreagrachtaí oideachais/oibre agus cúraim a chothromú go leordhóthanach agus is tábhachtach go ndéanann seo an gá a bhíonn acu le cúram leanaí a laghdú go mór. Anuas air sin, cuireann an íocaíocht tacaíocht de réir a chéile do na custaiméirí seo de réir mar a théann a leanaí in aois.

Anuas air sin, faigheann faighteoirí na hÍocaíochta Idirthréimhsí Cuardaitheora Poist rochtain ar chruinniú duine ar dhuine le hoifigeach cáis a chabhróidh leo chun plean forbartha pearsanta a chur le chéile chun cabhrú leo bogadh i dtreo na fostaíochta nó isteach i bhfostaíocht. A luaithe a bhaineann an leanbh is óige 14 bliana amach, má theastaíonn tacaíocht ioncaim ón gcustaiméir go fóill, aistreofar é/í go dtí coinníollacht iomlán an LCP.

## Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016

Bhí sé ina chonclúid ag Athbhreithniú Meántéarmach Straitéis Náisiúnta na mBan a d’fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i Márta 2014 go leanann an straitéis bheith ábhartha agus gur cheart do Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais leanúint agus na gníomhartha a sholáthar a chabhróidh, i dteannta a chéile, chun fís na Straitéise a bhaint amach – “Baineann gach bean sult as comhionannas leis na fir agus féadfaidh siad a lánchumas a bhaint amach fad a bhaineann siad taitneamh as saol sábháilte agus comhlíontach in Éirinn”. Tá Tuairisc ar Dhul chun Cinn don bhliain 2014 á réiteach faoi láthair agus meastar go bhfoilseofar í in Iúil 2015.

# Caibidil 4

## Daoine Breacaosta

| Sprioc Ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta | Dul chun cinn in 2013-2014 |
|---|---|
| **Sprioc 7: Cúram Pobail**<br>Leanúint d'infheistíocht a mhéadú do sheirbhísí cúram pobail do dhaoine breacaosta, pacáistí cúram baile agus seirbhísí feabhsaithe cúram lae san áireamh, le tacú leo maireachtáil go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir. | Príomhshonraí 2013 agus 2014:<br>• €185 milliún chun 10.3 milliún Uair de Chúntóir Baile a sholáthar do 50,000 cliant<br>• €130 milliún chun Pacáistí Cúram Baile (HCP) a sholáthar do 10,870 duine ag aon tráth amháin<br>• €10 milliún sa bhreis chun tacú le 190 cliant ag a bhfuil ardleibhéil spleáchais le Pacáistí Cúram Baile (a tugadh isteach in 2014). |
| **Sprioc 8: Tacaíocht Ioncaim**<br>Ráta íosta íocaíochta €200 in aghaidh na seachtaine a choimeád, i gcomparáid le 2007, maidir le gach pinsean leasa shóisialaigh i rith chúrsa an Phlean seo, agus más féidir, aird a thabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar ghealltanas an Rialtais in 'I dTreo 2016', chun feabhas a chur ar an soláthar seo.<br><br>Déanfar athbhreithniú ar na struchtúir agus córas foriomlán pinsean chun tacaíochtaí ioncaim a chur ar fáil do phinsinéirí i bhfianaise an Pháipéir Uaine ar Phinsin, atá le críochnú ag deireadh Mhárta 2007. Déanfaidh seo athbhreithniú ar cholúin uile an tsoláthair phinsean. (Foilsíodh an Páipéar Uaine ar Phinsin in 2007 agus foilsíodh **an Creat Náisiúnta Pinsean** in 2010) | I mBuiséid 2013 agus 2014, ní dhearnadh aon athruithe ar rátaí na mbuníocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh, lena n-áirítear méaduithe do dhaoine fásta cáilithe nó do leanaí cáilithe. Is é an ráta íocaíochta don phinsean stát (neamh-ranníocach) €219 sa tseachtain. Tháinig méadú 6% i gcomparáid le figiúirí 2007 ar an luach comhréireach. |

### Cúram Pobail

Thug an Roinn Sláinte le fios go bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ar réimse beart chun feabhas a chur ar sholáthar cúram baile ar an iomlán, chun seirbhísí náisiúnta a chaighdeánú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht a chur chun cinn. In 2014, thosaigh FSS le hathbhreithniú iomlán ar sheirbhísí cúram baile d'fhonn feabhas a chur ar sheirbhísí go ginearálta.

Príomhshonraí 2013 agus 2014:

- €185 milliún chun 10.3 milliún Uair de Chúntóir Baile a sholáthar do 50,000 cliant.
- €130 milliún chun Pacáistí Cúram Baile (HCP) a sholáthar do 10,870 duine ag aon tráth amháin.
- €10 milliún sa bhreis chun tacú le 190 cliant ag a bhfuil ardleibhéil spleáchais ar Phacáistí Cúram Baile (a tugadh isteach in 2014).

## Cúram LG Saor in Aisce

Rinne an Rialtas gealltanas chun cúram LG a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe, gan táillí laistigh dá chéad téarma oifige. In Iúil 2014, d'fhaomh an Rialtas dréachtú Bille chun an tAcht Sláinte, 1970 a leasú chun seirbhís LG a sholáthar gan táillí do gach duine ar aois 70 bliain nó os a chionn. Tá dréachtú na reachtaíochta seo ag druidim lena chríoch agus is é cuspóir an Rialtais chun céim na ndaoine os cionn 70 bliain d'aois a chur i bhfeidhm faoi lár 2015.

## An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach in Aibreán 2013 agus soláthraíonn sí an treoirphlean do chur chuige Rialtais agus sochaí iomláine i leith pleanáil a dhéanamh do shochaí atá ag dul in aois. Bunaíodh Tionscnamh um Aosú Folláin agus Dearfach chun cuspóir taighde na Straitéise a chur i bhfeidhm agus beidh sé ar siúl ó Dheireadh Fómhair 2014 go dtí Nollaig 2017, ina dtugtar an gealltanas go dtabharfar cistiú ar feadh dhá bhliain bhreise. Déanfaidh an Tionscnamh monatóireacht ar athruithe ar shláinte agus folláine dhaoine breacaosta atá nasctha le spriocanna agus cuspóirí na Straitéise. Déanfar seo go príomha trí tháscairí um aosú dearfach a fhorbairt a fhoilseofar gach dhá bhliain.

## An Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí in Iúil 2012 agus leagann sí amach an treo straitéiseach do bheartais, seirbhísí agus tacaíochta amach anseo a sholáthraítear do chúramóirí. Cuimsítear treochlár sa Straitéis i dtaobh cur i bhfeidhm ina bhfuil sraith gníomhartha agus amlínte gaolmhara agus a shainaithníonn na húdaráis atá freagrach as a gcur i bhfeidhm. Foilsíodh an chéad **Tuarascáil Bhliantúil** ar chur i bhfeidhm na Straitéise i Samhain 2013 agus an dara Tuarascáil Bhliantúil in Eanáir 2015. Chas an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le hionadaithe cúramóirí ag Fóram Bliantúil na gCúramóirí a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí a óstáil i bhFeabhra 2015.

## Tacaíocht Ioncaim

Thug an Roinn Coimirce Sóisialaí le fios i mBuiséid 2013 agus 2014 nach ndearnadh aon athruithe ar rátaí na mbuníocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh, lena n-áirítear méaduithe do dhaoine fásta cáilithe nó do leanaí cáilithe. Is é an ráta íocaíochta don phinsean stát (neamh-ranníocach) €219 sa tseachtain. Tháinig méadú 6% i gcomparáid le figiúirí 2007 ar an luach comhréireach.

Méadaíodh an Liúntas Maireachtála Aonair (a íoctar le pinsinéirí agus le daoine atá faoi mhíchumas a mhaireann leo féin) i mBuiséad 2015, a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2014, aníos ó €7.70 sa tseachtain go dtí €9 sa tseachtain.

In 2013, lean aistrithe sóisialta, pinsin seanaoise agus mharthanóirí ag feidhmiú go tréan chun an ráta i mbaol bochtaineachta i measc daoine breacaosta a laghdú, agus tháinig laghdú air anuas ó 89.3 faoin gcéad go dtí 9.2 faoin gcéad i ndiaidh gach aistriú sóisialta. Is ionann seo agus tionchar laghdaithe bochtaineachta 89.7 faoin gcéad.

# Caibidil 5

## Daoine faoi Mhíchumas

| Sprioc Ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta | Dul chun cinn in 2013-2014 |
|---|---|
| **Sprioc 9: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht** Fosaíocht daoine atá faoi mhíchumas a mhéadú nach mbíonn deacracht acu post a choimeád. Is é an cuspóir láithreach ná go mbeadh 7,000 breise den dream sin fostaithe faoi 2010. Is é an sprioc níos fadtéarmaí ná an ráta fostaíochta i measc daoine atá faoi mhíchumas a mhéadú aníos ó 37% go dtí 45% faoi 2016, mar atá tomhaiste sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh. Méadófar an ráta rannpháirtíochta foriomláine in oideachas, oiliúint agus fostaíocht go dtí 50% faoi 2016. Déanfar athbhreithniú ar na spriocanna seo i bhfianaise na taithí, agus nuair a bheidh sonraí níos fearr ar fáil. | Thaispeáin daonáireamh 2011 go raibh 33% de dhaoine faoi mhíchumas a bhí in aois oibre ag oibriú, i gcomparáid le 66% de dhaoine nach raibh faoi mhíchumas. Ar an iomlán, bhí 112,000 duine faoi mhíchumas fostaithe.<br><br>Ó 2013, stiúir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar fhorbairt Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas. Foilseofar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta go gairid [lár 2015]. |

### Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Ó 2013, stiúir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar fhorbairt **Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas**. Cur chuige trasrialtais a bheidh sa Straitéis a thugann gníomhartha le chéile ag Ranna agus Gníomhaireachtaí éagsúla Stáit i gcomhiarracht chun dul i ngleic leis na bacainní agus na dúshláin a imríonn tionchar ar fhostaíocht daoine atá faoi mhíchumas. Tugadh faoi obair shuntasach chun an Straitéis a fhorbairt in 2014 agus dhréachtaigh agus phléigh páirtithe leasmhara cáipéis straitéise. Foilseofar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta go gairid [lár 2015].

Thug anailís ó mhodúl comhionannais an tSuirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (2010) le fios go raibh ráta rannpháirtíochta margadh saothair 36% le sonrú ag daoine faoi mhíchumas. Cuirtear seo i gcomparáid le ráta 71% i measc iad siúd nach bhfuil faoi mhíchumas. Thaispeáin daonáireamh 2011 go raibh 33% de dhaoine faoi Mhíchumas a bhí in aois oibre ag oibriú, i gcomparáid le 66% de dhaoine nach raibh faoi mhíchumas. Ar an iomlán, bhí 112,000 duine faoi mhíchumas fostaithe.

Tá láithreán gréasáin nua á fhorbairt ag an **Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta** faoi láthair, lena n-áireofar, faoi mar a dtugtar gealltanas dó faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta:

a. I gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), soláthrófar naisc lena chur ar chumas fostóirí faisnéis a scaipeadh ar fhostaithe a choimeád a fhaigheann míchumas.
b. Faoi réir go soláthrófar na naisc chuí ó na Ranna agus Gníomhaireachtaí cuí agus i gcomhar leis an RCS agus an Roinn Sláinte, béim a leagan ar na tacaíochtaí atá ar fáil chun fostaíocht daoine atá faoi mhíchumas a éascú sa mhargadh saothair oscailte.

## Tacaíocht Ioncaim

Soláthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí réimse fairsing tacaíochtaí ioncaim agus seirbhísí margadh saothair do dhaoine atá faoi mhíchumas, a éascaíonn a rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair. Ina measc seo, tá an Scéim Fóirdheontas Pá, clár fostaíochta lena dtacaítear (EmployAbility) agus an Ciste um Fhreastal Réasúnta.

Sa mhullach air sin, bainistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais, a chomhchístítear le Ciste Sóisialta na hEorpa, a bhfuil de chuspóir aige cumas agus acmhainní daoine a fhaigheann íocaíochtaí míchumais/breoiteachta a mhéadú chun rannpháirtíocht a ghlacadh sa mhargadh saothair, bunaithe ar chur chuige bainistíochta cáis. Cuireadh tús leis an tionscadal go déanach in 2012 agus cuirfear deireadh leis in Aibreán 2015.

Chomh maith leis sin, féadfaidh daoine a fhaigheann réimse íocaíochtaí tacaíochta ioncaim mhíchumais agus bhreoiteachta páirt a ghlacadh i bhFostaíocht Pobail, a sholáthraíonn an deis do rannpháirtithe chun tabhairt faoi obair áisiúil pháirtaimseartha laistigh dá bpobail ar bhonn sealadach téarma sheasta.

Líon na nDaoine faoi mhíchumas ar Scéimeanna/Chláir Thacaíochta Fostaíochta an RCS ag deireadh na bliana:

| Bliain | An Scéim Fóirdheontas Pá | Fostaíocht Thacaithe | DACT | Fostaíocht Pobail |
|---|---|---|---|---|
| 2014 | 1,548 | 2,936 | 797 | 2,352 |
| 2013 | 1,159 | 2,872 | 1,178 | 1,817 |

## An Straitéis Náisiúnta Míchumais

Thug **an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais** le fios gur cur chuige Rialtais iomláin ata sa Straitéis Náisiúnta Míchumais i leith cuimsiú sóisialta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn. Rinne Grúpa um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIG) Plean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIP) 2013-2015 a réiteach agus a chomhaontú mar chuid de ghealltanas i gClár an Rialtais, chun an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur chun cinn. Foilsíodh é in Iúil 2013 agus leagtar amach ann bearta praiticiúla faoina dtabharfar chun an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur chun cinn i gcaitheamh na tréimhse seo.

Is iad Spriocanna Ardleibhéil an Phlean go mbíonn daoine atá faoi mhíchumas saor ó idirdhealú; go dtacaítear leo chun an saol a mhaireachtáil a roghnaíonn siad; gnáthshaol a mhaireachtáil i ngnáthháiteanna; páirt a ghlacadh i saol an phobail; agus a lánchumas a bhaint amach. Tá cuspóirí agus gníomhartha sonracha ag gach Sprioc trína mbainfear amach iad. Cuimsítear sa Phlean, amhail a faomhadh é, meicníochtaí tréana maoirsithe lena chinntiú go soláthraítear na bearta seo. Déanann Grúpa um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais athbhreithniú ar Dhul chun Cinn an Phlean trí chruinnithe téamacha a dhéileálann le saincheisteanna sonracha. Freastalaíonn gach comhlacht ábhartha ar na cruinnithe seo le hionchur agus athbhreithniú trasearnála a chinntiú. Pléitear gach gníomh sa Phlean a bhaineann leis an tsaincheist roghnaithe agus déantar an dul chun cinn a dhéantar a léarscáiliú i leith na ngealltanas sa Phlean.

Tionóladh trí chruinniú théamacha go dtí seo agus bhí siad dírithe ar théamaí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Tithíocht agus Fostaíocht. Tá comhairliúcháin ar bun ar an iar-mheasúnú ar Phlean reatha um Chur i bhFeidhm an NDS a éagfaidh ag deireadh 2015, agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith comhairliúcháin le daoine atá faoi mhíchumas lena chinntiú go ndéanann siad fíor-rannpháirtíocht chun monatóireacht a dhéanamh ar an straitéis reatha agus chun téamaí, cuspóirí agus gníomhartha a fhorbairt don chéad bheart eile. Táthar ag súil leis go mbeidh Straitéis nua Náisiúnta Chuimsithe Míchumais i bhfeidhm amhail ó thráth luath in 2016.

I dturas an ama, tá Clár Breise Gníomhartha maidir le hUathachas á chríochnú agus déanfar é a áireamh agus a fhorbairt san NDSIP reatha agus sa Straitéis nua Chuimsithe.

Thug **an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt** le fios go bhfuil feabhsúcháin inrochtaineachta ar sheirbhísí iompair phoiblí á gcur chun cinn i gcomhthéacs Rochtana ar Iompar do Chách, an Plean Earnála Iompair faoin Acht um Míchumas, 2005. Tá an Plean bunaithe ar an bprionsabal go bhfeabhsófar rochtain do gach duine trí fheabhsúcháin inrochtaineachta a chur ar an gcóras iompair phoiblí do dhaoine atá faoi mhíchumas. Foilsíodh Rochtain Iompair do Chách den chéad uair in 2006 agus foilsíodh athbhreithniú in 2013.

Bhí **an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta** gníomhach maidir leis na gníomhaíochtaí a chuirfidh cuimsiú sóisialta níos fearr chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas. Go háirithe, cuimsítear feabhsúcháin do na daoine siúd atá faoi mhíchumas i saoráidí do chuairteoirí, raonta agus gach comharthaíocht nua i bPáirceanna Náisiúnta, sa chás gur féidir, agus tá an Roinn ag oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun a mhacasamhail de thionscnaimh a éascú ag séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit. Déanann tionscnaimh chun feabhas a chur ar chomharthaíocht agus painéil faisnéise inár n-institiúidí cultúrtha seo a mhacasamhlú. Ina theannta sin uile, tá an earnáil chultúrtha ag oibriú, chomh maith, chun deiseanna d’ealaíontóirí agus do lucht féachana atá faoi mhíchumas a mhéadú agus táthar ag lorg chun rochtain fheabhsaithe a chur chun cinn ag gach ionad.

# Caibidil 6

## Pobail

| Sprioc Ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta | Dul chun cinn in 2013-2014 |
|---|---|
| **Sprioc 10: Tithíocht**<br>Tithíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in acmhainn freastal ar a riachtanais tithíochta féin, agus le taca a chur faoi thógáil pobal inbhuanaithe. Díríonn an Straitéis Náisiúnta Tithíochta ar os cionn 110,000 aonad a sholáthar do chuspóirí tithíochta sóisialta a fhad le 2020. | Bhain thart ar 23,500 teaghlach sochar in 2013 trí na meicníochtaí éagsúla soláthair tithíochta sóisialta, feabhsaithe agus tacaíochta, agus bhain thart ar 30,000 teaghlach sochar in 2014. Foilsíodh an Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 i Samhain 2014. |
| **Sprioc 11: Sláinte**<br>500 foireann chúraim phríomhúil a fhorbairt faoi 2011 a chuirfidh feabhas ar rochtain ar sheirbhísí sa phobal agus béim ar leith ar fhreastal ar riachtanais sealbhóirí cártaí leighis. | Ag deireadh Nollaig 2014, bhí 420 foireann chúraim phríomhúil i mbun oibriú ina raibh thart ar 3,000 duine i measc na gcroíchomhaltaí foirne, ina raibh foireann altranais, teiripe agus tacaíochta. |
| **Sprioc 12: Imircigh a Chomhtháthú**<br>Straitéis a fhorbairt atá dírithe ar chomhtháthú inimirceach nua inár sochaí a bhaint amach. | I Márta 2014, bunaíodh Grúpa Tras-Roinne um Chomhtháthú, ar a raibh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar chathaoirleach, chun straitéis nua nuashonraithe fhoriomlán chomhtháthaithe a chur i dtoll a chéile. |

### Tithíocht Shóisialta

Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le fios gur bhain thart ar 23,500 teaghlach sochar in 2013 trí na meicníochtaí éagsúla soláthair tithíochta sóisialta, feabhsaithe agus tacaíochta, agus bhain thart ar 30,000 teaghlach sochar in 2014.Áirítear leis na hiomláin seo aonaid a feabhsaíodh faoin gclár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh – 13,107 in 2013 agus 20,343 in 2014 – ar chliaint reatha údarás tithíochta cuid díobh agus nárbh ionann iad, ar an ábhar sin, agus teaghlaigh nua ar freastalaíodh ar a riachtanais tithíochta.

Foilsíodh an Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 i Samhain 2014. Déanfaidh sí an méid a leanas:

- 35,000 aonad nua tithíochta sóisialta a sholáthar, i gcaitheamh tréimhse 6 bliana, chun freastal ar na riachtanais bhreise tithíochta sóisialta amhail a dheimhníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta.
- Tacú lena mhéid le 75,000 teaghlach trí earnáil fheabhsaithe phríobháideach ar cíos.
- Tacaíochtaí tithíochta sóisialta a athchóiriú chun córas níos solúbtha agus freagrúla a chruthú.

Cuirfear an Straitéis i bhfeidhm in dhá chéim agus meastar go soláthrófar 50,000 aonad sa tréimhse a fhad le 2017. Déanfaidh grúpa ardleibhéil maoirsiú uirthi atá faoi stiúir an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Soláthróidh Bord Tionscadail na gníomhartha, Táscfhórsa Soláthair Tithíochta Sóisialta Bhaile Átha Cliath atá nuabhunaithe mar aon le cúig Shreabhadh Oibre thiomanta.

### Ráiteas Beartais Easpa Dídine

D'fhoilsigh an Rialtas a **Ráiteas Beartais Easpa Dídine** i bhFeabhra 2013. Leagtar béim sa Ráiteas ar chur chuige atá faoi stiúir tithíochta i leith easpa dídine agus deimhníonn sé cuspóir an Rialtais chun deireadh a chur le heaspa dídine neamhdheonach (gealltanas i gClár an Rialtais) faoi dheireadh 2016.

Críochnaíodh an Plean um Chur i bhFeidhm ar Fhreagairt an Stáit d'Easpa Dídine i mBealtaine 2014 inar tugadh cuntas ar chur chuige an Rialtais i leith an chuspóra seo inar leagadh amach 80 gníomh chun soláthar imfhálaithe de chóiríocht a chinntiú do dhaoine gan dídean agus chun na tacaíochtaí riachtanacha a shlógadh faoi dheireadh 2016. Déantar dul chun cinn ar an bplean a chur i bhfeidhm a thuairisciú don Choiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar bhonn ráithiúil.

I Nollaig 2014, rinne an Rialtas plean foirmeálta de Phlean Gníomhaíochta 20 pointe chun dul i ngleic le hEaspa Dídine chun dul i ngleic le heaspa dídine láithreach agus ghearrthéarmach, lena n-áirítear freagairt láithreach do chodladh amuigh i mBaile Átha Cliath. Tugadh gealltanas os cionn €20 milliún a chaitheamh agus áiríodh leis 260 leaba éigeandála a sholáthar láithreach do dhaoine a chodlaíonn amuigh i mBaile Átha Cliath, Caifé Oíche chun pointe teagmhála a sholáthar do dhaoine gan dídean nach mian leo a bheith curtha i gcóiríocht éigeandála agus iompar a sholáthar le seirbhísí tacaíochta chun daoine atá ag codladh amuigh a thabhairt go cóiríocht éigeandála, áit a dtabharfar cúram dóibh.

### Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Rinneadh obair shuntasach in 2013 agus in 2014 chun cuspóir beartais straitéisigh na Roinne Coimirce Sóisialaí a bhaint amach go bhfillfidh forlíonadh cíosa ar a gcuspóir tosaigh chun bheith mar íocaíocht ghearrthéarmach tacaíochta ioncaim tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) a fhorbairt. Tá an HAP á riar ag údaráis áitiúla faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Bhí an Roinn Coimirce Sóisialaí ag oibriú go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun gnéithe reachtaíochta, teicniúla agus oibríochtúla na scéime a chur chun cinn. Achtaíodh an tAcht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 an 28 Iúil 2014 agus tá an HAP á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe.

Ag deireadh 2014, aistríodh nach mór 500 cás chuig an HAP. Tá sprioc ann chun thart ar 8,400 cás HAP a bhaint amach in 2015 faoi mar a leagtar amach in **"an Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020: Tacaíocht, Soláthar agus Athchóiriú"**. Cuireadh tús le clár píolótach um easpa dídine an HAP an 18 Nollaig 2014 agus riarfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é thar ceann údaráis áitiúla eile Bhaile Átha Cliath agus díreoidh sé go sonrach ar theaghlaigh gan dídean.

### Tithe Níos Teo – Straitéis d'Fhuinneamh Inacmhainne in Éirinn

Foilsíodh an Straitéis seo in 2011, agus ba í an chéad straitéis Rialtais a bhí dírithe go sonrach ar fhuinneamh a dhéanamh níos inacmhainne i measc teaghlaigh ísealioncaim in Éirinn. In ainneoin na gcúinsí geilleagracha dúshlánacha, rinneadh dul chun cinn suntasach.

- Tugadh isteach scéimeanna nua ceantarbhunaithe agus pobalbhunaithe iarfheistithe.
- Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon custaiméirí leictreachais agus gáis a raibh dícheangal a soláthairtí fuinnimh i ndán dóibh agus baineann gach tomhaltóir fuinnimh sochar anois ó réimse cosaintí reachtúla.
- Rinneadh uasghrádú ar éifeachtúlacht fuinnimh ar os cionn 285,000 a fuair cúnamh ón Rialtas, agus soláthraíodh thart ar 120,000 díobh siúd saor in aisce do theaghlaigh atá thíos le bochtaineacht fuinnimh.

Thug an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le fios, trí bliana i ndiaidh gur foilsíodh Tithe Níos Teo, go bhfuil athbhreithniú cuimsitheach á dhéanamh ar an Straitéis Fuinnimh Inacmhainne agus go n-áireofar comhairliúchán poiblí léi a lorgóidh ionchur páirtithe leasmhara i dtaobh cén gníomhartha ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa chéad atriall eile de Straitéis Fuinnimh Inacmhainne an Rialtais.

Tá de chuspóir ag an gcomhairliúchán chun díospóireacht fhairsing agus fheasach a mhúscailt ar inacmhainneacht fuinnimh. Lorgaíonn sé ionchur ó gach páirtí ar spéis leo maidir le ceisteanna ar nós conas is fearr bochtaineacht fuinnimh a thomhas in Éirinn, cén cláir ba mhó b'éifeachtaí chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú agus conas is fearr rath a thomhas agus freagracht a sholáthar. Anuas air sin, lorgaíonn sé ionchur ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sochair na hiomaíochta á soláthar ag margaí liobrálaithe fuinnimh do na tomhaltóirí siúd atá thíos le bochtaineacht fuinnimh nó ach do na tomhaltóirí is mó is sofaisticiúla. I ndiaidh gur críochnaíodh an próiseas comhairliúcháin phoiblí, táthar ag súil le Straitéis nua Fuinnimh Inacmhainne a fhoilsiú faoi dheireadh Bhealtaine 2015.

### Sláinte

Thug an Roinn Sláinte le fios gur measadh gur féidir freastal go cuí ar a mhéid le 95% de riachtanais seirbhíse sláinte agus sóisialta daoine laistigh de shuíomh cúraim phríomhúil agus go gcuireann Foirne Cúraim Phríomhúil (PCTanna) go mór le feabhas a chur ar sheirbhísí pobalbhunaithe sláinte sna limistéir seo. Is é príomhchuspóir **na Straitéise Cúraim Phríomhúil** chun seirbhísí a fhorbairt sa phobal a thabharfaidh rochtain dhíreach do dhaoine ar fhoirne comhtháite ildisciplíneacha de liachleachtóirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus daoine eile.

Shainaithin **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** (FSS) gá le 485 Foireann Cúraim Phríomhúil a fhorbairt go náisiúnta. Obair atá ar bun atá i bhforbairt na bhfoirne agus tá feabhsúcháin á ndéanamh i dtaobh bhallraíocht na foirne agus soláthar eagraíochtúil le himeacht ama. Ag deireadh Nollaig 2014, bhí 420 foireann chúraim phríomhúil i mbun oibriú ina raibh thart ar 3,000 duine i measc na gcroíchomhaltaí foirne, ina raibh foireann altranais, teiripe agus tacaíochta.

Leagtar amach sa ***Tuarascáil um Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail*** a sheol FSS an 8 Deireadh Fómhair 2014 pleananna le haghaidh atheagrú cuimsitheach seirbhísí sláinte lasmuigh den chóras ospidéal géarmhíochaine. Is é an príomhrud ar a ndírítear ná chun an chomhréir uasta de chúram a sholáthar do dhaoine sna pobail, áit a gcónaíonn siad agus chun seirbhísí comhcheangailte comhtháite a bhaint amach. Tiocfaidh naoi nEagraíocht Cúram Sláinte Pobail, a bheidh mar chuid de FSS, in ionad na 17 Limistéar Seirbhíse Comhtháite reatha. Déanfar na hacmhainní reatha a atheagrú isteach i 90 Líonra Cúraim Phríomhúil, a ndéanann gach ceann díobh freastal ar thart ar 50,000 duine den

daonra. Beidh duine freagrach a shainaithnítear i gceannas ar gach líonra freagrach as soláthar an chúraim ag gairmithe, ar nós altraí, teiripeoirí agus oibrithe sóisialta d'fhonn freastal ar réimse leathan de riachtanais daoine ar bhealach comhcheangailte. Beidh díriú tréan ag na struchtúir nua ar dhea-naisc a chruthú leis an gcóras ospidéal géarmhíochaine d'fhonn go ndéantar conairí cúraim dhaoine a phleanáil i gceart agus go bhfreastalaítear ar a riachtanais sa suíomh ceart.

Príomhchumasóir chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar is ea Ionaid Chúraim Phríomhúil (PCC) a fhorbairt chun freastal ar Fhoirne agus LGanna Cúraim Phríomhúil FSS. Go dtí seo, tá 85 PCC á n-oibriú ar fud na tíre. Tá 37 láthair ann faoi láthair ina bhfuil PCCanna á dtógáil nó ina bhfuil céim chun tosaigh pleanála bainte amach acu. Meastar go mbainfear iad seo amach faoi 2017.

## Fóram Comhairleach Sláinte Náisiúnta Lucht Siúil FSS

Oibríonn Fóram Comhairleach Sláinte Náisiúnta Lucht Siúil FSS (NTHAF) i gcomhpháirt le Coiste Comhairle Sláinte an Lucht Siúil chun iarrachtaí a chur chun cinn maidir le sláinte an Lucht Siúil a fheabhsú. Is éard atá sa choiste seo ná ionadaíocht ag foireann FSS, Aonaid Sláinte an Lucht Siúil agus comhaltaí den Lucht Siúil. Bunaíodh dhá ghrúpa Oibre – Cúram Príomhúil agus Riochtaí Ainsealacha – faoi raon an NTHAF, ina bhfuil téarmaí comhaontaithe tagartha agus gníomhartha sainaitheanta gaolmhara.

I measc samplaí de thionscnaimh a cuireadh chun cinn i rith 2013-2014, tá:

- **Tionscadal Imeasctha Romaigh Thamhlachta** a fhairsingiú: D'eascair fairsingiú ar an tseirbhís ó thráthnóna amháin go dtí dhá thráthnóna as éileamh méadaitheach ar an gclinic shoghluaiste LG seo. Tá pleanáil ar bun faoi láthair chun an chlinic a bhogadh ó bhus soghluaiste go dtí seomra clinice i ngar do sheirbhísí géarmhíochaine.
    - Déanann daoine aonair a úsáideann bus LG na Romach teagmháil leis na hidirghabhálaithe cultúrtha agus na hoibrithe tacaíochta nuair a thagann siad i láthair chun leas a bhaint as an tseirbhís agus nuair a fhágann siad an tseirbhís.
    - Is é ról na n-oibrithe chun atmaisféar fáilteach agus teolaí a chruthú agus chun cabhrú le daoine aonair, chomh maith, chun tuiscint a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte sa chás go bhféadfadh tuiscintí éagsúla cultúrtha a bheith i gceist.
    - Anuas air sin, féadfaidh na hoibrithe ateangaireacht a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse Romacha agus Rómánacha.
    - Cruthaíodh go bhfuil an tsamhail seirbhíse seo an-rathúil, i dtaobh cháilíocht sholáthar na seirbhíse agus chun Romaigh a atreorú chuig seirbhísí eile araon, ar nós oideachais, clárú breithe agus oifigí leasa shóisialaigh.
- Clinicí eile a bhunú: Tá clinicí ísealtairsí do Romaigh (agus d'úsáideoirí seirbhíse leochaileacha eile) i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath agus Luimneach. Cuireann na clinicí seo rochtain ar fáil ar sheirbhísí LG d'úsáideoirí seirbhísí imeallaithe nach bhfuil in ann seirbhísí príomhshrutha a úsáid go ginearálta.
- Tacaíocht le hobair For-Rochtana Romach: Sholáthair FSS cistiú do réimse tionscadal atá dírithe ar thacú le Romaigh chun idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí sláinte, riachtanais ghinearálta sláinte a shainaithint agus chun tacú le rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí. Anuas air sin, tugadh faoi obair idirghníomhaireachta. Áirítear leis seo obair faoinar tugadh le Túsla chun tús áite a thabhairt do riachtanais phobail, go háirithe maidir le leanaí Romacha.
- Ar a bharr sin, tugadh méadracht nua isteach ó 2015 i leith: Líon na ndaoine a fuair múscailt feasachta agus faisnéis ar Dhiaibéiteas chineál 2 agus sláinte chardashoithíoch, agus leagadh an sprioc amach chun 20% den daonra a aimsiú i ngach Aonad Sláinte an Lucht Siúil.

## Éire Shláintiúil ('Healthy Ireland')

D'fhaomh an Rialtas Éire Shláintiúil – Creat um Shláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025 i bhFeabhra 2013. I rith 2014, dhírigh cur i bhfeidhm an Chreata ar obair thrasrialtais chun dul i ngleic le cinntithigh na sláinte i measc réimse saincheisteanna a bhaineann le clár Éire Shláintiúil, chun bacainní féideartha a shainaithint agus chun réitigh a aimsiú, agus chun teacht i dtír ar dheiseanna chun cur chuige 'Sláinte i nGach Beartas' a chur chun cinn. I measc na samplaí in 2014, áirítear oibriú le ranna eile chun Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga a chur i bhfeidhm, chun an tsláinte agus an fholláine a leabú isteach san oideachas agus chun clár 'na n-ionad oibre sláintiúil' a chur chun cinn.

## An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016

Limistéar trasghearrthach de bheartas poiblí agus de sholáthar seirbhíse atá ann seo. Tá sé bunaithe ar chur chuige comhordaithe ar fud go leor Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i gcomhar leis na hearnálacha Pobail agus Deonacha. Cuirfidh an Roinn Sláinte tús go gairid le hobair ar Straitéis nua Náisiúnta Drugaí a fhorbairt don tréimhse i ndiaidh 2016.

Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas ná comhairliúchán cuimsitheach le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal ar an mbeartas reatha náisiúnta drugaí agus ar thosaíochtaí amach anseo. Anuas air sin, cuirfear san áireamh taighde, faisnéis agus foinsí sonraí fianaisebhunaithe ar mhéid agus cineál úsáid drugaí atá ina hábhar faidhbe in Éirinn, básanna a bhaineann le drugaí san áireamh.

Déanann an tAonad Beartas Drugaí sonraí a bhailiú faoin gcaiteachas a thabhaíonn Ranna agus Gníomhaireachtaí ar an tionscnamh drugaí ar bhonn bliantúil. B'ionann caiteachas Tras-Roinne a bhain leis an gClár Drugaí agus thart ar €240 milliún in 2014.

## Imircigh a Chomhtháthú

I Márta 2014, bunaíodh Grúpa Tras-Roinne um Chomhtháthú, ar a raibh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar chathaoirleach, chun straitéis nua nuashonraithe fhoriomlán chomhtháthaithe a chur i dtoll a chéile. I measc shainchúram an Ghrúpa Tras-Roinne, tá athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bhfuil Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ag tabhairt fúthu atá dírithe ar chomhtháthú imirceach a chur chun cinn; Dréacht-Straitéis um Chomhtháthú a ullmhú a chuireann i gcuntas na beartais agus na gníomhartha atá á gcur i bhfeidhm cheana féin; agus tabhairt faoi chomhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara. Gníomhóidh an Grúpa Tras-Roinne, chomh maith, mar fhóram chun aon saincheisteanna atá ag teacht chun cinn i limistéar an chomhtháthaithe a shainaithint agus a phlé.

Bunaíodh Grúpa Oibre idir-roinne chun tuairisciú a dhéanamh don Rialtas ar fheabhsúcháin a cuireadh ar an bpróiseas cosanta, Soláthar Díreach agus tacaíochtaí san áireamh d'iarrthóirí tearmainn i nDeireadh Fómhair 2014. Eascraíonn seo ó Ráiteas Thosaíochtaí an Rialtais 2014-2016 agus leanann sé ó chomhairliúchán comhchéime ar an bpróiseas cosanta le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Baineann téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre go bunúsach le meas a léiriú ar dhínit agus feabhas a chur ar cháilíocht beatha iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta fad a bhíonn imscrúdú á dhéanamh ar a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Stát. Tá an Grúpa tar éis tuairisciú a dhéanamh agus déanfaidh an Rialtas dianstaidéar agus dianbhreithniú ar a mholtaí. Cuirfidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais tús láithreach le plé leis na Ranna agus na Gníomhaireachtaí a n-imríonn na 170 moladh a chuimsítear sa tuairisc tionchar orthu.

Thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le fios go leanann an Oifig um Imeascadh Imirceach (OPMI) le gealltanas an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le himeascadh imirceach, go páirteach trí chúnamh airgeadais a sholáthar do thionscadail a chuireann imeascadh imirceach chun cinn agus a dhéanann an ciníochas a chomhrac. In 2013-2014, soláthraíodh cistiú €2,510,308 d'eagraíochtaí chun imeascadh agus caoinfhulaingt a chur chun cinn. Lean an Oifig le himircigh agus grúpaí ionadaíocha a choimeád feasach ar acmhainní nua díol spéise atá á bhforbairt, coinníollacha athraitheacha a bhaineann leis na scéimeanna éagsúla agus ábhar a bhí á fhorbairt go sonrach d'imircigh i réimse teangacha trína láithreán gréasáin agus liostaí cor poist.

I measc na samplaí de thionscnaimh lenar thacaigh an OPMI, tá:

- Fuair Clár EPIC (Daoine ó Phobail Inimirceach a Fhostú) a bhainistíonn Gnó sa Phobal ('Business in the Community') thar ceann an OPMI, cistiú €925,372 in 2013-2014 chun cabhrú le hinimircigh leochaileacha rochtain a fháil ar fhostaíocht nó breis oiliúna. Áirítear leis an gclár oiliúint i mBéarla le haghaidh oibre, scileanna agallaimh, maireachtála agus oibriú in Éirinn agus in TF. Comhchistíonn Ciste Sóisialta na hEorpa an caiteachas seo ar ráta 50%.
- Tionscadal pobail is ea Fáilte Isteach ina bhfuil oibrithe breacaosta deonacha mar fhoireann a fháiltíonn imircigh nua trí ranganna comhrá Béarla. Gach seachtain, múineann os cionn 600 oibrí deonach os cionn 2,000 dalta ó 75 tír, a chuireann os cionn aon mhíle uair de theagasc ar fáil gach seachtain ina dteannta a chéile. Oibríonn Fáilte Isteach ag 60 láthair timpeall na tíre chun na bacainní a shárú a bhíonn roimh imircigh agus pobail trí chomhartha cairdis a chur in iúl dóibh tríd an mbealach praiticiúil, fáilteach agus cuimsitheach ina soláthraítear an clár. In 2013-2014, deonaíodh cistiú €226,420 don tionscadal seo.
- Fuair Comhpháirtíocht na bPobal Nua cistiú €191,000 chun seirbhís chomhairle agus tacaíochta a sholáthar d'imircigh a raibh iarratas á dhéanamh acu ar shaoránacht.
- In 2014, sholáthair an OPMI cistiú €69,000 don Brat Bhuí ('Yellow Flag'), Clár Idirchultúrtha do Scoileanna.
- Anuas air sin, sholáthair an OPMI tacaíocht airgeadais d'údaráis áitiúla ó fhóraim áitiúla imirceach. Tugann an fóraim seo an deis d'imircigh ó chultúir agus cúlraí éagsúla chun teacht le chéile chun saincheisteanna a thabhairt chun solais a imríonn tionchar ar imircigh ar bhonn laethúil. Tá de chuspóir ag fóraim imirceach forbairt pleananna agus beartais chomhtháite áitiúla/réigiúnacha a chinntiú a léiríonn riachtanais shóisialta, chultúrtha agus gheilleagracha ghrúpaí mionlaigh eitnigh sa cheantar.
- Lean an OPMI leis an gCiste Eorpach Lánpháirtíochta (EIF) agus an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe (ERF) a riar agus réitigh siad an clár don Chiste nuabhunaithe Tearmainn, Imirce agus Imeasctha (AMIF) a thiocfaidh in ionad an EIF agus an ERF.
- In 2013-2014, d'athlonnaigh an OPMI 182 dídeanaí, ina measc Afganastánaigh, Somálaigh agus Siriaigh den chuid ba mhó, in Éirinn agus chomhordaigh siad a n-imeascadh isteach i bpobail áitiúla.

## Straitéis Idirchultúrtha Oideachais 2010-2015

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios go leanann an straitéis á cur i bhfeidhm laistigh de na srianta a leagann an aeráid reatha gheilleagrach agus acmhainní á soláthar do mhic léinn, imircigh ina measc, a bhfuil riachtanas sainaitheanta oideachais acu.

Rinneadh 'Treoir maidir le Córas Oideachais na hÉireann', ar treoir chuimsitheach í, a fhorbairt agus a uaslódáil chuig láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Acmhainn luachmhar is ea seo i measc gach tuismitheora. Tá obair ar bun laistigh den roinn maidir le bailiú na sonraí ábhartha. Cuirfidh na sonraí seo eolas ar fáil nuair a bhíonn beartas á dhréachtú agus do shaincheisteanna ar nós acmhainní a chur ar fáil.

## An Clár Cuimsithe Shóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP)

D'fhógair an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go dtabharfar an clár nua isteach ar fud na tíre ón 1 Aibreán 2015 ar aghaidh agus cuireadh buiséad €28 milliún ar fáil don SICAP do na naoi mí atá fanta in 2015.

Tá an SICAP mar bhonn agus taca le gealltanas an Rialtais seo do chuimsiú sóisialta agus d'fhorbairt pobail trína gcuspóir, is é sin, chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, eisiamh sóisialta agus dífhostaíocht fhadtéarmach trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht áitiúil idir daoine atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail, gníomhaireachtaí earnála poiblí agus páirtithe leasmhara eile.

Rachaidh an clár i ngleic leis na daoine is deacra le haimsiú sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste, beidh díriú ar an óige agus ar idirghabhálacha chun dul i ngleic le dífhostaíocht óige, i dtaobh na n-óganach atá níos deacra lena n-aimsiú. Anuas air sin, cuirfidh SICAP, go héifeachtach, le rannpháirtíocht saoránach ar aon dul le beartas náisiúnta agus cuirfidh sé luach le seirbhísí poiblí trína chinntiú go líonann sé bearnaí tábhachtacha áitiúla i soláthar agus trí dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste a ullmhú chun glacadh le seirbhísí príomhshrutha.

I gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, comhairle dlí, dea-chleachtas go hidirnáisiúnta agus d'fhonn soláthar optamach seirbhísí do chliaint, tá SICAP faoi réir próiseas soláthair phoiblí, atá ar bun faoi láthair. Ba phróiseas iomaíoch an próiseas soláthair phoiblí a bhí oscailte do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí pobail neamhbhrabúsacha eile, gnóthais tráchtála agus eagraíochtaí náisiúnta a d'fhéadfadh seirbhísí a sholáthar chun an clár nua a sholáthar.

Is iad spriocghrúpaí SICAP:

- Leanaí agus Teaghlaigh ó Cheantair atá faoi Mhíbhuntáiste
- Tuismitheoirí Aonair
- Pobail Nua (Dídeanaithe/Iarrthóirí Tearmainn san áireamh)
- Daoine a chónaíonn i bPobail atá faoi Mhíbhuntáiste
- Daoine atá faoi Mhíchumas
- Romaigh
- Daoine Dífhostaithe (iad siúd san áireamh nach bhfuil ar an mBeochlár)
- An Lucht Siúil
- Daoine Óga Dífhostaithe ó cheantair atá faoi Mhíbhuntáiste

## Rannpháirtíocht agus Rochtain ar na hEalaíona agus an Cultúr

Thug an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le fios, i ndiaidh Ionchais Inspreagtha – Athbhreithniú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon i Meitheamh 2014, tá an Chomhairle Ealaíon anois ag tabhairt faoi phróiseas chun straitéis nua a fhorbairt do na healaíona in 2015 lena n-áirítear cur chuige maidir le hidirchaidreamh cuspóireach le muintir an phobail.

Go hachomair, leagann an t-athbhreithniú straitéiseach na tascanna a leanas ar an gComhairle Ealaíon:

- Bheith mar an ngníomhaireacht forbartha do na healaíona atá dírithe ar an maitheas choiteann.
- Beartais agus straitéisí a dhéanamh atá sainráite agus nasctha.
- A straitéisí agus a hiompar infheistíochta a athrú.
- Bheith an-fheasach agus fianaisebhunaithe.
- A cumas féin agus cumas earnáil na n-ealaíon a threisiú.
- Rannpháirtíocht fhairsing agus cumarsáid oscailte a dhéanamh.

Faoi na tograí seo, beidh an Chomhairle Ealaíon ag fiosrú limistéar ábhartha maidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí mar aon leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## Seirbhísí Leabharlainne

Leagtar amach i straitéis ‘Deiseanna do Chách’ de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil straitéis uaillmhianach cúig bliana do thodhchaí na seirbhíse leabharlainne in Éirinn agus soláthraítear creatlach d’fhorbairt na seirbhíse leabharlainne poiblí in Éirinn ó 2013-2017. Ar aon dul le beartas rialtais náisiúnta agus áitiúil, soláthraíonn an straitéis bearta nuálacha chun acmhainní reatha a bhainistiú níos éifeachtúlaí chun leanúint le seirbhís leabharlainne a fhorbairt agus a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais faisnéise, foghlama agus chultúrtha daoine agus phobal agus, trí amhlaidh a dhéanamh, cuireann sí le téarnamh geilleagrach agus le feabhsú sóisialta agus cultúrtha.

An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Teach Gandon, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, Éire

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie